



Title	Lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa: foinsí luachmhara an léinn dúchais in Ultaibh
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	2021-11-12
Publication information	Ní Úrdail, Meidhbhín. "Lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa: foinsí luachmhara an léinn dúchais in Ultaibh" 51 (November 12, 2021).
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/24684

Downloaded 2024-10-13 13:57:56

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)



© Some rights reserved. For more information

LÁMHSCRÍBHINNÍ UÍ MHUIRGHEASA: FOINSÍ LUACHMHARA AN LÉINN DÚCHAIS IN ULTAIBH*

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

Tá céad is a fiche cúig lámhscríbhinn Ghaeilge ar coimeád inniu i Roinn na Sainchnuasach i leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus is sa tréimhse ón ochtú céad déag go dtí an fichiú céad a cuireadh an formhór mór acu seo le chéile. Is féidir na foinsí seo a roinnt i gcúig cinn de bhailiúcháin ar leith, mar atá: Lámhscríbhinní Phádraig Feiritéar, Lámhscríbhinní Eoghain Uí Chomhraí, Lámhscríbhinní Choilm Uí Lochlainn agus Lámhscríbhinní Énrí Uí Mhuirgheasa — iad seo ainmnithe, gan dabht, in ómós dá mbailitheoirí bunaidh — agus an cúigiú cnósach ar a dtugtar ‘Lámhscríbhinní Breise’. Na lámhscríbhinní a cuireadh le chéile san ochtú agus sa naoú céad déag i mbailiúchán Uí Mhuirgheasa is príomhghnó dhom san aiste seo toisc fianaise thábhachtach a bheith iontu ar shaothrú an léinn dúchais in Ultaibh sa tréimhse úd.

Ní miste liom i dtosach báire gearrchuntas a thabhairt ar an té a bhailigh iad seo, mar atá Énrí Ó Muirgheasa / Henry Morris, *alias* ‘Feargus Mac Róigh’, scoláire a chuir mórán de shaibhreas liteartha Oiriaila, agus Chúige Uladh trí chéile, ar na súilibh do phobal na Gaeilge.¹ Rugadh é ar 14 Eanáir na bliana 1874 sa Chaisleán Thoir, baile fearainn i bparóiste Dhomhnach Maighean, Co. Mhuineacháin. Óna sheanuncail, Proinsias Ó Conghaile / Francis Connolly (*ob.* 1882), fear a tháinig abhaile ó Londain Shasana, a fuair sé a chuid oideachais i dtús a shaoil agus ní go dtí go raibh sé naoi mbliana d’aois a thosnaigh sé ag freastal ar an mbunscoil áitiúil i Lios Dúnáin mar ar ceapadh ina mhonatóir é agus é sna déaga láir.

Bíodh is go raibh an Ghaeilge teipthe go mór ina cheantar dúchais fé lár an naoú céad déag, ba chuid thábhachtach fós an teanga i saol laethúil an Mhuirgheasaigh agus é ag fás aníos. Ar chuireadh uaidh féin, go deimhin, thug Seosamh Laoide / Joseph H. Lloyd (1865–1939), *alias* ‘Mac Tíre (na Páirce)’, turas ar an mball chun seanchas a bhailiú ann i bhFómhar na bliana 1895, agus chuaigh an obair tharrthála seo le cuairteoir ón taobh amuigh ar oidhreacht Ghaelach a áite dúchais go mór i bhfeidhm ar fhear óg Mhuineacháin. Dob é a toradh *Sgéalaidhe Fearnmhuighe* a d’fhoilsigh Conradh na Gaeilge sa mbliain 1901. Cnósach luachmhar scéalta béaloidis ón líomatáiste áirithe sin tíre is ea é a ndúirt Pádraig Mac Piarais ina thaobh in eagarfhocal in *An Claidheamh Solais*: ‘Think of Farney where An Laoideach gleaned to such purpose ten years ago: had he delayed his visit until today [1906] we would never have had “Sgéalaidhe Fearnmhuighe”’ ([Pearse] 1906: 7). Thagair Seosamh Laoide do pháirt Uí Mhuirgheasa féin i soláthar an teagaisc nuair a tosnaíodh ar Ghaeilge a mhúineadh dhá uair sa tseachtain

* Tá buíochas ar leith agam ar Evelyn Flanagan, Eugene Roche agus Daniel Conneally, Roinn na Sainchnuasach i leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, as a gcabhair. Táim an-bhuíoch, leis, de na heagarthóirí as a gguid moltaí ar dhréacht na haiste seo.

¹ Is ag tarrac ar eolas áirithe sna foinsí seo a leanas atáim sa ghearrchuntas beathaisnéise anseo: Gan ainm 1908; Ó Muirgheasa 1937: 83; Gan ainm 1945a; Gan ainm 1945b; Gan ainm 1945c; Gan ainm 1945d; ‘Roddy the Rover’ 1945a; ‘Roddy the Rover’ 1945b; R[yan] 1946; S. Morris 1975; Ó Mórdha 1975.

i scoil Lios Dúnáin. D'eascair go nádúrtha uaidh sin brainse de Chonradh na Gaeilge sa cheantar — céadbhrainse an Chonartha i Muineachán — a tháinig ar an bhfód ar 8 Nollaig 1895 agus toghadh Ó Muirgheasa ina rúnaí oinigh (Laoide 1896: 149; H. Morris 1896).

Tar éis dó a dhintíúirí mar bhunmhúinteoir a bhaint amach i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, fuair Ó Muirgheasa post i scoil Naomh Maolmhaodhóg, Dún Dealgan, sa mbliain 1901. Bhí sé i measc an dreama a bhunaigh Cumann Seandálaíochta Chontae Lú sa mbliain 1903. D'éirigh leis é féin a chur chun cinn go mór laistigh de shaol an oideachais ina dhiaidh sin. Fuair sé post mar thimire i 1907 féin mBord Náisiúnta chun eagar a chur ar mhúineadh na Gaeilge i scoileanna Dhún na nGall. Ceapadh mar chigire sóisearach é i 1921, dhein Roinn-Chigire Cheantar Shligigh ansan de i 1923 agus sa mbliain 1932 d'aistrigh sé go Baile Átha Cliath nuair a ceapadh mar Leas-Phríomhchigire é, post a bhí aige go dtí gur éirigh sé as sa mbliain 1939. Ina theannta san, bhronn Ollscoil na Banríona céim MA *honoris causa* air i 1936 as ar chuir sé i gcrích ar son na Gaeilge in Ultaibh.

Maidir lena shaol pearsanta: phós Ó Muirgheasa Alice Reilly ó Dhún Dealgan i séipéal Naomh Saviour, Baile Átha Cliath, ar 18 Iúil 1906.² Saolaíodh aon mhac amháin dóibh ar 17 Meitheamh 1907, Colm (Colin), ach fuair an leinbhín bás de mheiningíteas ar 4 Márta 1908.³ Cailleadh Alice féin ar 25 Lúnasa na bliana céanna. Ar 20 Iúil 1912, phós Ó Muirgheasa Mary Ellen Woods (*ob.* 1964), múinteoir bunscoile, i bparóiste Mhainistir Chnoc Muaidhe, Co. na Gaillimhe.⁴ Seachtar muirir a bhí ar an lánúin, ceathrar buachaillí agus triúr cailíní. Cailleadh Ó Muirgheasa sa bhaile ag 161 Bóthar Bhinn Éadair, Cluain Tarbh, ar 13 Lúnasa 1945.⁵ I measc na scéalta báis a foilsíodh mar gheall air, is dóigh liom gur leag an staraí iomráiteach An tOllamh John Ryan SJ (1894–1973) a mhéar air sa méid seo a leanas as a chuntas súd ar oidhreacht acadúil Uí Mhuirgheasa:

The soul of Henry Morris might well be described as an *animus naturaliter antiquaria*, for a deep interest in the antiquities of his country seems to have come with him from his cradle. A great Ulsterman, he liked particularly to dwell on the past achievements of his native Oriel. But his culture transcended the bound of district and province, and Louth, Breifne, Meath vied with the ancient northern kingdom in claims on his attention (R[yan] 1946).

Cá fearr deismireacht ar an tuairim sin, dar liom, Lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa, a fágadh le huacht ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is in dhá chuid ar leith atá na foinsí seo ar coimeád inniu, mar atá: (i) ‘Morris MSS’ a bhfuil seacht lámhscríbhinn is fiche ar fad sa bhailiúchán agus (ii) ‘Morris Additional MSS’ a bhfuil dhá lámhscríbhinn déag ann. Foinsí i gcuid a haon is túisce a bhain an Ollscoil amach sa mbliain 1928. Tá a dheimhniú san sa chomhfhreagrais i dtaobh Morris 15 (feic thíos) nuair a socraíodh ‘that the MS should be placed with the other Morris MSS which were

²https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/marriage_returns/marriages_1906/10136/5687731.pdf [faighte 3 Nollaig 2020].

³https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/deaths_returns/deaths_1908/05497/4539831.pdf [faighte 3 Nollaig 2020].

⁴https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/marriage_returns/marriages_1912/09932/5611143.pdf [faighte 3 Nollaig 2020].

⁵https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/deaths_returns/deaths_1945/04619/4225696.pdf [faighte 3 Nollaig 2020].

deposited in University College Dublin in 1928'.⁶ Maidir le cuid a dó, ar mholadh ón Ollamh Breandán Ó Buachalla (1936–2010), dhein leabharlann na hOllscoile teagmháil ar 18 Nollaig 1970 le Ernan Morris (1918–2008), a bhí féin ina leabharlannaí i mBaile Átha Luain, chun a fháil amach an mbeadh an teaghlach sásta farasbarr na lámhscríbhinní a bhíodh i seilbh a n-athar a aistriú go dtí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Lean comhfhreagras breise ansan ó Eanáir na bliana dár gcionn agus thug an Ollscoil dhá-chéad-ochtó punt ar an bhfáltas breise seo a bhain an leabharlann amach ar 15 Bealtaine 1971.⁷

Níl catalóg déanta ar na lámhscríbhinní ar fad ach d'fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa cuntas ar sheacht gcinn déag acu in *Irisleabhar na Gaedhilge* i dtús an chéid seo caite nuair a bhíodar fós ina sheilbh phearsanta ag an am. Nuair a dheinimid comparáid idir ar chuir sé d'eolas ar fáil ansan (Ó Muirgheasa 1904–1905) agus an bailiúchán fé mar atá sé anois againn, is léir gurb ionann Morris 16 sa chuntas foilsithe agus Morris Add. 1 inniu. Nótaí as Béarla a bhaineann le hinnealtóireacht shibhialta is mó is ábhar di seo a bhreac Matthew Moore Graham (1805–1882) ó cheantar Dhún Dealgan, a bhí féin cáilithe sa ghairm sin. Chuir sé beagán dánta Béarla dá chuid ar fáil anseo, leis, chomh maith le cóip de 'Epithalamium Extempore' a chum Art Mór Ó Murchaidh (*ob.* 1843/4) ina onóir, '[f]aithfully transcribed from the Original By me Matt^w Graham' (lch 10), mar aon le laoithe fiannaíochta agus beagán dánta eile. Sna blianta 1832–1843 a chuir Graham a shaothar pinn anseo le chéile.

Rud a chuireann castaíocht sa scéal is ea go raibh Morris 16 eile fós i gcuid a haon den mbailiúchán. Is í seo Morris 16b anois arb ionann í agus 'MacCabe's Manuscripts [*sic*]' (Ua Muirgheasa 1904–1905: 808) toisc gurbh é Éamonn Mac Cába ó pharóiste Mhachaire Cluana, Co. Mhuineacháin, a bhreac í. Idir 1821 agus 1828 a bhí an obair seo ar bun agus chríochnaigh an scríobhaí seo a chóip de *Mac na Míchomhairle* ó insint bhéil, de dhealramh, 'in the Gaol of Monaghan Nov^r the 17th 1825' (lch [56]). Castaíocht bhreise is ea é gur aistriódh Morris 26 go dtí an bailiúchán breise agus is í Morris Add. 8 anois í chomh maith. Cóipeanna de dhánta le Séamas Dall Mac Cuarta (*c.* 1647–1733) agus le Peadar Ó Doirín (*c.* 1700–1769) is ábhar don lámhscríbhinn seo. Míníonn Énrí Ó Muirgheasa ar an leathanach teidil clóscríbhthe, 'Sligeach. 1930', gur cóipeanna de rogha dánta as ARÉ 3 B 38, 3 B 39, 3 C 4, 12 E 2 agus 12 E 25 atá curtha ar fáil anseo 'for me by Seaghan O Fearchallaigh, a professional Irish scribe, during the summer of 1909'. Agus, cé go nglacaimse leis go raibh lámhscríbhinn 27 i seilbh Uí Mhuirgheasa tráth dá raibh, ní mór dom aird a dhíriú, mar sin féin, ar an nóta mínithe 'Assumed to be Morris 27. Usual Morris marks of ownership not present' atá scríbhthe le peann luaidhe laistigh den gclúdach tosaigh.

Ós a choinne sin, ní hionann an lámhscríbhinn thoirtiúil a bhfuil lipéad 'Morris 15' inniu uirthi agus lámhscríbhinn '15' i gcuntas Uí Mhuirgheasa (1904–1905: 767), ar bhlogh ó cheart í seo anois, bailiúchán de thrí dhuilleog is fiche, scaoilte agus gan uimhriú, atá ar sábháil i bhfillteán. Níor chuir an scríobhaí a ainm, log ná dáta leis an mblogh chéanna seo ach, ón bpeannaireacht ghleoite, chreid Ó Muirgheasa gurbh é Pádraig Ó Pronntaigh / Patrick Pronty (*fl.* 1712–1763), file agus scríobhaí a bhí lonnaithe i nDún Dealgan, a bhreac í. Bhí sí cailte le fada go dtí gur tháinig an tAthair Proinsias Ó Muirgheasa (1924–1980) uirthi i measc pháipéirí a uncail sa mbliain 1974

⁶ Leitir dar dáta 20 Samhain 1974 ó 'Mrs Brigit Dolan', leabharlannaí san Acadamh, go dtí 'Miss M. Semple', leabharlannaí gníomhach i leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i bhfillteán i dteannta Morris 15, Roinn na Sainchnuasach, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

⁷ Comhfhreagras dar dáta 18 Nollaig 1970, 11 Eanáir 1971, 14 Eanáir 1971, 29 Aibreán 1971 agus 15 Bealtaine 1971 atá ar coimeád i dteannta na lámhscríbhinní breise seo Uí Mhuirgheasa i Roinn na Sainchnuasach, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

agus, ar 10 Meitheamh na bliana san, chuir sé go dtí Acadamh Ríoga na hÉireann í chun go ndéanfaí í a iniúchadh. Dheimhnigh an tOllamh Breandán Ó Buachalla gurbh ionann an t-ábhar inti agus lámhscríbhinn ‘15’ i gcuntas Énrí Uí Mhuirgheasa ar na lámhscríbhinní a bhí ina sheilbh i dtús na haoise seo caite. Mhol sé, dá réir, gur cheart í a bhronnadh ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sa tslí is go mbeadh sí i dteannta na bhfoinsí eile i gcuid a haon de Lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa agus dhein sé amhlaidh thar ceann an Athar Proinsias ar 20 Samhain 1974.⁸ Chun aon trasnaíl a sheachaint, tugtar Morris 15 ar an mblogh lámhscríbhinne leis an uimhir chéanna i gcuntas Uí Mhuirgheasa (1904–1905: 767). Morris 15a is ainm anois don bhfoinse thoirtiúil eile, ábhar cráifeach a bhreac Pádraig Mac Gatháin, *alias* Patrick McGahan (*fl.* 1813–1843), scríobhaí a bhí lonnaithe i nDún gCuaille, Co. Lú, agus a bhí fostaithe mar mhúinteoir ag an gcumann bíoblóireachta *The Irish Society for Promoting the Education of the Native Irish through the Medium of their own Language* a bunaíodh i mBaile Átha Cliath sa mbliain 1818 (de Brún 2009: 365–6; Ní Uallacháin 2003: 435–8).

Na foinsí a cuireadh le chéile san ochtú agus sa naoú céad déag is príomhghnó anseo dhom, fé mar a luas i dtús na haiste seo, agus is leis an gcéad chuid, ‘Morris MSS’, a bhaineann siad seo. Mar sin féin, ba mhaith liom tagairt d’aon fhoinse amháin sa chuid chéanna seo nach mbaineann lenár bhfráma ama. Is ó lámh Énrí Uí Mhuirgheasa féin Morris 25 mar a bhfuil *Beatha agus Feartaibh Naomh Maodhóig* a cóipeáil le sa mbliain 1920 ó LS XXIII i Leabharlann Phoiblí Bhéal Feirste. Dob é Peadar Ó Gealacáin / Peter Gallegan (1792/3–1860) scríobhaí na heiseamláire seo a chuir sé le chéile ‘a bpurraiste Mhagh an Ealta a cContae na Midhe’, 1844, ‘chum úsáide agus chaitheamh aimsire chosantóir na Sean-Ghaoigheilge .i. Maighistir Roibeart Mhac Adhamh’, agus chóipeáil sé siúd an téacs ‘go firinneach as sean-leabhar Bhriain Mhic Carathair san Chlochán Mhaol a cConntae Lúghaidh’ (Ó Buachalla 1962: 17).

Ag féachaint dúinn ar chuid a haon (‘Morris MSS’) trí chéile, téacsáí Ultacha is mó is ábhar di a scríobh mórscóláirí thuaisceart na tíre san ochtú agus sa naoú céad déag. Tá trí eisceacht uaidh sin, áfach, mar nach Ultach in Ultaibh a chuir le chéile iad. In Morris 21 atá an téacs topagrafach meánaoiseach *Críchad an Chaoille* a chóipeáil Seosamh Ó Longáin / Joseph Long (1817–1880) ‘of Whitechurch near Cork’ i mbliain a 1858 ‘from the Book of Lismore, a M.S. of the 15th Century’ (leathanach teidil). Chuir an Longánach aistriúchán Béarla agus nótaí léirmhínte leis an gcuid sin oibre, d’fhág sé slí anseo is ansiúd chun túsleiteacha maisithe a chur isteach, agus, san áit a bhfuil túsleiteacha maisithe le fáil sa lámhscríbhinn, nílid daite. An dara heisceacht i gcéad chuid an bhailiúcháin is ea Morris 27. Obair Sheosaimh Uí Longáin is ea í seo arís a chóipeáil sé i bpeannaireacht ar áilleacht ar fad i mbliain a 1870 in Acadamh Ríoga na hÉireann mar a raibh sé fostaithe go hoifigiúil mar *amanuensis*. Más ea féin, níl aon amhras ná go mbaineann an t-ábhar inti le Cúige Uladh agus, go deimhin, le traidisiún liteartha Bhréifne go speisialta. Ar leathanach teidil na lámhscríbhinne inseann Ó Longáin dúinn gur chóipeáil sé í ‘from a vellum Ms. written for the Magaurans chieftains of Teallach Eachach, now the barony of Tullyhaw in the north of the County Cavan’. I bhfocail eile, is é ‘vellum’ é *Leabhar Méig Shamhradháin*, an duanaire is

⁸ Tá an t-eolas ar dhála na blogha bunaithe ar chúig cinn de leitreacha leis an Ollamh Ó Buachalla agus le leabharlannaithe Acadamh Ríoga na hÉireann agus Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, idir 20 agus 28 Samhain 1974, agus táid seo ar coimeád inniu sa bhfillteán i dteannta dhuilleoga scaoilte Morris 15 i Roinn na Sainchnuasach.

luaithe de dhánta adhmholtacha atá tagtha anuas chugainn a cuireadh le chéile sa cheathrú céad déag agus atá ar coimeád inniu sa Leabharlann Náisiúnta (G 1200).⁹ Dála a eiseamláire, tá na túsleitreacha maisithe tríd síos sa mhacasamhail ghreanta seo Uí Longáin.

Dob fhéidir eisceacht a thabhairt, leis, ar Morris 24. Baineann an lámhscríbhinn seo le traidisiún scrípte cheantar Bhréifne arís. Téacsáí cráifeacha ar fad is ábhar don lámhscríbhinn féin, ina measc *Beatha Mhuire* agus beathaí naomh (Proinsias Assisi, Greallán, Maodhóg Ros Inbhir, Seoirse). D’fhoilsigh Ó Muirgheasa (1936: 79–82, 142–4, 161–2, 165–6, 167–71, 179–83) sé dhán inti seo ina shaothar *Dánta Diadha Uladh*. Is é Mícheál Mac an Bhaire (fl. 1825–1833) a chuir an chuid is mó dá bhfuil anseo le chéile, 1825, ‘air bhruach loch aoibhinn áluinn íasgbhar illánacht glaninnbhireacht Meilghe [= Meilbhe]. A bporaiste Rosinbhir na Nanngal C. Leitrim’ (lch [273]). Is cosúil gurb ionann an scríobhaí seo agus ‘Michl Ward’ atá luaite i leabhar cheaproinnt na ndeachúna do pharóiste Ros Inbhir, baile fearainn Dhubhaird (de Brún 1969: 558). Chríochnaigh Pádraig Mac an Bhaire a chóip de *Beatha Ghrealláin* ‘an tochtadh lá do mhí July 1825 ... air bruach Loch Meilghe C Leitrim’ (lch 6). Cóip is ea *Beatha Mhuire* agus beathaí na naomh eile ó ARÉ 23 O 41 a chuir Séamas Mag Uidhir (fl. 1712–1746) i gcrích sa Dúbaile, baile fearainn i bparóiste Ros Inbhir, Co. Liatroma, 1720–1721.¹⁰

Chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach, cuireadh an lámhscríbhinn is luaithe i gcuid a haon de Lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa le chéile i mbliain a 1732: is í sin Morris 7 a scríobh Pádraig Ó Pronntaigh thuasluaite. Scéalta próis is ábhar di seo ach gur blogh atá i dtéacs an chéad scéil, *Oidheadh Chloinne Uisnigh*.¹¹ Tá *Mac na Míchomhairle* easnamhach, leis, agus i gcás an scéil rómánsúil *Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe* bhí sé seo le rá ag Ó Muirgheasa féin ina thaobh:

This is the tale edited by Dr. Hyde for the Irish Texts’ Society. The above fragment [i Morris 7] goes as far as where Cod meets Bright-faced Sun, daughter of the Forest of Wonders. Curiously enough Dr. Hyde says he has the remaining portion of this very MS. however it got separated from the first portion and was conveyed to Connacht (Ó Muirgheasa 1904–1905: 765; cf. Hyde 1899: xiii).

Is ionann ‘the remaining portion of this very MS.’ agus LS 34 inniu i mbailiúchán lámhscríbhinní Dhubhghlais de hÍde in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar a bhfuil an chuid eile de *Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe* le fáil (lgh 133–88).

Tar éis dó an t-ábhar in Morris 7 a chur i dtollaibh a chéile, luigh Pádraig Ó Pronntaigh amach chun oibre arís an bhliain dár gcionn (1733) agus is í Morris 8 a thoradh inniu, an dara foinse is luaithe atá tagtha anuas chugainn in *oeuvre* an scríobhaí seo trí chéile. Cóipeanna de scéalta rómánsacha atá anseo againn uaidh (*Mac na Míchomhairle*, *Bruidhean Bheag na hAlmhaine* agus *An Ceatharnach Caol Riabhach*). Is ar théacs *Mac na Míchomhairle* anseo a bhunaigh Seosamh Watson a eagrán ach gur sholáthraigh sé an bhearna cúig leathanach inti ó théacs Uí Phronntaigh in Morris 7

⁹ Tá leagan digiteach ar fáil ar Meamram Páipéar Ríomhaire (ISOS) ag www.isos.dias.ie.

¹⁰ *Pace* Ó Súilleabháin 1957: ix. Mheas de Brún (1969: 558, n. 30) gur dócha gur sa Dúbaile i gCo. Liatroma seachas sa Chabhán a cuireadh an lámhscríbhinn féin le chéile agus tá a dheimhniú gurb í Liatroim an ceart sa dá cholafan aisti thuas.

¹¹ = Mac Giolla Léith 1993: 126.620–140.866.

(1979: 110, 154). Ag caint ar an dá lámhscríbhinn seo in éineacht bhíodar, dar le hÉnri Ó Muirgheasa féin, breactha ar áilleacht:

These two MSS. (Nos. 7 and 8) are written in a bold, beautiful hand, entirely devoid of flourish, and with a uniformity and regularity almost equal to that of print. Some of the pages are a marvel of careful penmanship. At the end of each piece O'Pronty asks for a prayer for 'the clerk,' 'in honour of Mary and the Trinity' (Ó Muirgheasa 1904–1905: 765).

I dteannta na scéalta próis tá, leis, in Morris 8 cóip de *Amhrán na Bradaile* atá luaite leis an bhfile Ultach Diarmaid Ruadh Mac Muireadhaigh (*fl. c. 1690*). Amhrán grá is ea é seo ach go bhfuil an láimhseáil an-éagsúil, dar liom. Casann an fear bradaíol leis an mbé 'bharann dheas mhorshúileach' toisc gur ghoid sí milse a béil ó mhil na mbeach, áilleacht a déad ó chlocha luachmhara na hAfraice, déantús a brollaigh bháin ó shléibhte sneachta na nAlp, agus, cleití chun caite agus gile a snua ón eala. Tá anam an fhir chiapaithe 'na chosair chrú dhuibh', agus ní chuireann sé fiacal ann ina chuireadh ar an óigbhean imeacht leis:

Uch! do channarc san mbradaíl go robhrúite
an t-anam sin do bhí annam 'na chosair chrú dhuibh,
acht cheana ní haon danas don bhod ar luaisc sin
bheith agaibhse gion go gcadail go socúlach (de Brún, Ó Buachalla agus Ó Concheanainn
1986: 44–5, 116).¹²

Idir mhagadh is dáiríre atá ar bun anseo, más ea — fé mar a bheadh ar bun ina dhiaidh sin ag Ó Doirnín, mar shampla, sna hamhráin *Máire Ní Cheallaigh* agus *Páiste na Subh* nó fós in *Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte* (ar fágadh amach an véarsa deiridh de go minic i dtéacsleabhair, i nduanairí agus i gnuasaigh cheoil toisc an dá líne dhéanacha thuas a bheith, fé mar a chuir aon eagarthóir amháin é, 'unsuitable for printing' (O'Sullivan 1932: 76)). Gan dabht, sna hamhráin seo Uí Dhoirnín is í an bhean a scaoileann an ciúta tíriúil uaithe mar fhreagra ar chuireadh an fhir dul ina theannta, pé acu an nglacann sí leis an gcuireadh san nó nach nglacann (Ó Buachalla 1968a: 143–4). Ní hamhlaidh atá in *Amhrán na Bradaile* mar nach labhrann an spéirbhean in aon chor anseo ach amháin gur ag cumarsáid lena corp atá sí tríd síos, díreach mar a bhí an bhean úd lán de stuaim a chuir Séathrún Céitinn / Geoffrey Keating (*c. 1580–c. 1644*) inár láthair, más fíor. Rud eile dhe, in áit 'don bhod ar luaisc sin' sa treas líne thuas, tá *don bhodarluisgne* i dtéacs Uí Phronntaigh (LS 8, lch [128]), comhfhocail, b'fhéidir < *bodhar* 'deaf one' + *lua(i)sc* 'oscillating one'. An amhlaidh, mar sin, a theastaigh ón bhfear oilte seo ar a pheann aon ghraostúlacht théacsúil, dar leis, a fhágaint fé cheilt? Cuimhnimis air, mar shampla, gur téacsáí cráifeacha is mó atá breactha ag Ó Pronntaigh ina chuid lámhscríbhinní. Ba léir go raibh cur amach chomh maith ar an mBíobla aige, agus fós, ar an mbeagán dánta atá tagtha anuas chugainn uaidh (ceithre cinn), tá dhá dhéantús chráifeacha agus aon dán ógláchais amháin i ndeibhidhe ag fáiltiú cheapachán Bernard MacMahon mar Ardeaspag Caitliceach Éireann (1738–1747).¹³ Agus an méid sin ar fad ráite, áfach, is é is dóichí liom ná go raibh an fabht téacsúil cheana féin ann sa téacs os a chomhair amach a bhí á chóipeáil aige.

¹² Tá an dara cóip in Egerton 172 (fóiliónna 51v–52r), foinse a bhreac Ó Pronntaigh idir Deireadh Fómhair agus Nollaig na bliana 1759; cf. Flower 1926: 117–23.

¹³ Mar le heagrán den dán ógláchais, feic H. Morris 1913 (ón téacs in de hÍde 20, lgh 20–6) agus Mac Labhraí 2013: 272–85 (ó fhoinsí a bhreac Ó Pronntaigh féin agus scríobhaithe eile chomh maith le haistriúchán Béarla a bheith curtha leis).

Tá an treas foinse eile fós sa chéad chuid de bhailiúchán lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa a chuir Pádraig Ó Pronntaigh le chéile, mar atá scata duilleog scaoilte i bhfillteán. Is ionann í agus Morris 15 i gcuntas Uí Mhuirgheasa a luadh i dtús na haiste seo. Na téacsáí próis cráifeacha *Beatha Mhuire* agus *Beatha Chríost* atá breactha anseo chomh maith le roinnt bheag filíochta, ina measc dán atá luaite le Séathrún Céitinn dar tús ‘Mo ghrádh féin thú is fuath mo dhaoine’ (18 véarsa).

Níl an dán féin curtha in eagar fós agus níl aimsithe go dtí seo agam ach cóipeanna i gcúig cinn d’fhoinní Ultacha amháin, an ceann seo Uí Phronntaigh san áireamh. Is cosúil go bhfuil an chóip is luaithe i lámhscríbhinn — ó lámh Uí Phronntaigh arís — atá ar coimeád inniu in Oxford agus chuir sé í seo le chéile sna blianta 1733–1736 ‘for the use of John mac Donnell’ (LS Ir. f. 1, fóilió 187r; cf. Ó Cuív 2001: 52). Tá cóip in Morris 11 a bhreac Eoghan Ó Mearáin, ó Cho. Mhuineachán de dhealramh, ‘chum úsaide mhícháel Flémun an bhliaghain Dáis an Tiaghearna muin [= m] dúir [= dair = d] agas dhá chol [= cc] tríchad agas a s[e]acht et go soirbhaidh Día dhó Amen’ (lch 155). Tógtar ceann d’ainmneacha meafaracha leitreacha aonair atá in ócáid anseo ag Ó Mearáin chun bliain a chuid sin oibre, 1737, a chur in úil, gnás a théann chomh fada siar go dtí ré na Gaeilge ársa (ceathrú–seachtú céad).¹⁴ Tá cóip eile fós de dhán Chéitinn i lámhscríbhinn i gCambridge a bhreac Matt(hias) McGill, agus 1746 agus 1748/9 mar dhátaí luaite aige ina diaidh; agus, is i gColáiste Phádraig, Má Nuad, atá cúigiú foinse an dáin, lámhscríbhinn a scríobh Aodh Ó Néill (*fl.* 1785–1807) ina bhaile dúchais ‘san Iubhar’, Co. an Dúin, sa mbliain 1802.¹⁵ Gabhann réamhrá próis a mhíníonn comhthéacs a chumtha le téacs an dáin ag McGill:

Do bhi bodac grana ’na ghilo ag Doctur Ketin ’se boghra bo mhithisge da bhfacus ariamh. Ni cuala neach da mario[n] Foccal maith aige do labhairt le maith no re shaith ariamh. Nir maith le muintir an doctuir a letheidhe beith a giolui bocht do cé nach ttarle giola ag maistir do bo dhisleadh. La da reabh an doctuir eider Corcaidh 7 Cinntshaile as se adubhairt an bodach ‘a mhaistir is mor a molas tu daoine eile 7 ní dheanan tu molla ormsa ’s me gioluidheas duit le fithe bliaghain’. ‘Ni feidir do mholla ta tu grana tuibisteach’. ‘Caithfí tusa missidh do mholla no muirfiod tu gan fuireach’ ar sin. Dob eigion don doctur an dan sodh ino dhiadh do dheanadh dho suil far fhag se an t-ionad ana reabh ’na seaseadh (Camb. Add. 3085, fóilió 79v; is liomsa an phoncaíocht).

Agus is mar seo a d’aistrigh ‘Fiachra Éilgeach’ an réamhrá go Béarla:

Doctor Keating had a horrid bodach or servant, the ugliest and most unrepresentable being that ever was seen. Nobody living had ever heard him utter a kind word about anyone, good or bad. The doctor’s people were not pleased that he should have such an attendant, though no master ever had a more faithful servant. One day, when the doctor happened to be at a spot between Cork and Kinsale, this bodach, addressing him, said ‘Master, you laud others highly, but you never praise me though I have served you for twenty years’. ‘You cannot be praised’ (quoth the doctor) ‘you are ugly and beyond description’. ‘You must praise me or I shall kill you on the instant’ (replied the other). Thereupon, the doctor

¹⁴ McManus (1991: 3, 36–9). Mar le hEoghan Ó Mearáin, ar chum Muiris Ó Gormáin dán trí rainn agus amhrán ina ómós, feic Mac Cathmhaoil 2013: 18–19, 114–17.

¹⁵ Ir. f. 1, cuid a, fóiliónna 36r–37v (18 véarsa / 72 líne); Morris 11, lgh 24–5 (18 véarsa / 72 líne); Camb. Add. 3085, fóiliónna 113r–114r (20 véarsa / 80 líne); M F 9, lgh 159–163 (22 véarsa / 88 líne).

was obliged to compose for him some verses before leaving the spot where they stood ('Fiachra Éilgeach' 1913: 197).

Ní heol le deimhne pé acu ar chum Céitinn an dán féin nó nár chum — cé gur léir ó na tagairtí staire agus clasaiceacha tríd síos gur dhuine léannta a chum é. Go deimhin, ina ghearrchuntas beathaisnéise ar Chéitinn sa 'Dissertation' a chuir sé le *Memoirs of the Marquis of Clanricarde* (1722), deir Thomas O'Sullevane (*fl.* 1722–1726) i dtaobh 'Dr. Keating' gur chum sé 'a Burlesque Poem, in praise of a Servant of his own, nam'd Symon, whom he compares with the ancient Heroes' (Ó Cuív 1958–1961: 267). Glactar coitianta leis, dar ndóigh, gurbh ó Thiobraid Árann ó dhúchas do O'Sullevane, mar sin, cá bhfios ná gurbh ó bhéaloideas an chontae san a thug sé an méid sin leis. Ar a shon san, díol spéise is ea é nach bhfuil, go bhfios domsa, téacs an dáin seo a luaitear le Céitinn le fáil in aon lámhscríbhinn Mhuimhneach: is cosúil gur i lámhscríbhinní le scríobhaithe a bhí ag saothrú an léinn dúchais in Oiriaila amháin atá fianaise a sheachadta.

Ag féachaint dúinn ar dhán spéisiúil eile fós in Morris 15 a chum Diarmaid mac Laoisigh Mheic an Bhaire (*fl.* 1689) dar tús 'A Chormuic cuimhnigh an chóir', is léir ó fhianaise i lámhscríbhinní eile gur bhain sé le conspóid nó le hiomarbhá nába leithne filíochta ó dheireadh an tseachtú céad déag. Ceithre dhán ar fad atá i gceist sa chonspóid féin (Macbain agus Kennedy 1894: 291–9). Is é cnámh spairne a bhí idir na filí aonair a chum iad ná gur ghá a bheachtú cén dream daoine ba cheart seilbh a ghlacadh ar an Láimh Dhearg mar shiombail araltach — Í Néill, nó Ulaidh trí chéile, nó fós muintir Airghialla ónar shíolraigh Clann Domhnaill na hAlban agus Clann Mhic Leòid (Simms 1983: 146–7; Hughes 1990: 85–90; Ó Riain 2011: 171–3). Chuir Mac an Bhaire tús leis an gconspóid lena dhán seacht rann déag i ndeibhidhe, ach gur dhá rann déag atá sa téacs in Morris 15. Cuireann an file i bhfáth ar Chormac éigin, Cormac Ó Néill (*ob.* 1707), b'fhéidir, mórphátrún na bhfilí i gClann Aodha Buidhe, Co. Aontroma agus Co. an Dúin, nach bhfuil aon cheart olc ná maith ag muintir Néill seilbh a ghlacadh ar an Láimh Dhearg:

A Chormuic cuimhnigh an chóir
nā ben d'fuil Ír a n-onóir
nī hí an chóir égára is fherr
nī dóigh édāla an fhoirenn.

Nā riōth do rēir do thoile
nā car sechrān sīorraidhe
nā hēirghe a [= i] nguais nac[h] dlecht duit
nā gluais tar chert a Chormuic.

Nī cās do nech nī do rágh
gan derbhadh súadh na sendán
bheith go brāch gan luagh leabhar
más dúal chách [do] chreidemhuin (Macbain agus Kennedy 1894: 291).

Is é 'derbhadh súadh na sendán' a luaigh Mac an Bhaire mar thaca leis an argóint aige ná an fhianaise i scéal cáiliúil na sraithe Ultaí, *Scéla Mucce Meic Dathó*, chomh maith le fianaise an tseanchais a bhaineann go dlúth le Cúige Uladh i *Leabhar Leacáin* ar a dtugtar *Leabhar Ultach*. Is é an 'sendán' a chuir bonn féna áiteamh ná *Lámh dhearg Éireann Í Eachach* (Ó Riain 2008: 87–129) a chum Maol Eachlainn 'na nUirsgéal' Ó hUiginn a bhí suas i gcéad leath an chúigiú céad déag. Ag láimhseáil an eolais dó sna

foinsí seo ar fad go cliste, mhínigh Mac an Bhaird gur tháinig an siombal chun cinn i gcéadúair nuair a d'fhág Conall Cearnach rian a láimhe a bhí ar sileadh fola ar bhrat agus é i mbun díoltas a bhaint amach ar bhás Chú Chulainn. Is é teachtaireacht a dháin, más ea, ná gur leosan atá síolraithe ó Íor tré Chonall Cearnach is ceart an Lámh Dhearg a lua, is é sin le síol Ír (Clann Mhéig Aonghasa) a bhíodh lonnaithe i gCo. an Dúin an lae inniu.

Ní hamháin go raibh déantús fileata Mheic an Bhaird á sheachadadh i lámhscríbhinní thuaisceart na tíre san ochtú céad déag ach bhí, leis, an freagra a bhí sa droimrúaig air ‘(Is) ná(i)r an sgéalsa teacht do thoigh’ (seacht rann déag i ndeibhidhe).¹⁶ An tUltach Eoghan Ó Donnghaile (1649–c.1724) a chum an dán féin agus bhí sé an-láidir air gur le muintir Néill ó cheart a bhí an Lámh Dhearg le lua. Is féidir, dar liom, an chúis a bhfuil fáil ar an dá dhán seo i ndiaidh a chéile i dtraidisiún lámhscríbhinní an tuaiscirt a rianú siar go dtí an teagmháil a bhí ag scríobhaithe áirithe sa líomatáiste sin tíre leis an meitheal scoláirí a bhí ag saothrú i mBaile Átha Cliath i gcéad leath an ochtú céad déag. Tá an dá dhán chéanna seo breactha i ndiaidh a chéile, mar shampla, i lámhscríbhinn le Riosdard Tuibear / Richard Tipper (*fl.* 1709–1740) ó Chaisleán Cnucha a scríobh sé sna blianta 1713–1715 agus is amhlaidh atá chomh maith i lámhscríbhinn a bhreac Seán Ó Laochadh, 1745–1747, ‘a mBaile Átha Cliath’.¹⁷ Agus, tá cóip de ‘A Chormuic cuimhnigh an chóir’ in TCD 1288 (H.1.14), fóilió 157, foinse a chuir Aodh Ó Dálaigh (*fl.* 1725–1758) le chéile san ardchathair i mbliain a 1750 (Abbott agus Gwynn 1921: 49–50).

Bíodh is go bhfuil téacs Thuibear de dhán Mheic an Bhaird easnamhach go maith fé mar atá sé tagtha anuas chugainn inniu, agus gan ann ach trí rann, díol spéise is ea é mar sin féin go raibh a lámhscríbhinn ina dhiaidh sin i seilbh Mhuiris Uí Ghormáin (c.1705–c.1794), mórscríobhaí bisiuil an ochtú céad déag a tháinig, is cosúil, ó Cho. Mhuineacháin.¹⁸ Tá cóip den dá dhán i ndiaidh a chéile ó láimh Uí Ghormáin féin.¹⁹ Tá cóip eile fós againn díobh i dteannta a chéile ag Pádraig Ó Doibhlinn (*fl.* 1726–1743), (ó Dhún Seachlainn, Co. na Mí, b’fhéidir) i lámhscríbhinn a chuir sé le chéile uair éigin i gcéad leath an ochtú céad déag do Chonn Ó Néill ó Bhaile Mhic Scanláin, Co. Lú — é siúd, dála san, ar chum An Dall Mac Cuarta a dhán ómóis dá iníon dar tús ‘A iníon álainn Choinn Uí Néill’.²⁰ Ní fheadar ná gurbh amhlaidh do Morris 15 é agus gur bhreac Pádraig Ó Pronntaigh an dá dhán i ndiaidh a chéile anseo chomh maith, ach toisc nach bhfuil sa bhfoinse seo inniu ach bailiúchán duilleog scaoilte i bhfillteán marcáilte ‘15’, níl aon deimhniú againn air sin. Is leor é mar sin féin, áfach, go bhfuil againn cóip de dhán Dhiarmada Mheic an Bhaird óna láimh mar go dtugann sé le fios gur thug Ó Pronntaigh féin agus a lucht comhairsire cluas fhonnmhar do theachtairacht i bhfoirm véarsaíochta a thug tús áite d’Oiriaila thar aon líomatáiste eile i gCúige Uladh.

Ag filleadh ar Morris 11 a chuir Eoghan Ó Mearáin le chéile do Mhícheál Pléimeann, tá sa lámhscríbhinn chéanna i dteannta dhán Chéitinn dán spéisiúil molta dar tús ‘Cuaine ríoghna rug Éadaoin’ (ocht rann is fiche i ndeibhidhe) in ómós do thriúr mac a bhí ag Muireadhach Mac Giolla Mhuire de Chlainn Uí Mhórna a rialaigh Leath Chathail i gCo. an Dúin.²¹ Ar na cóipeanna is luaithe, táid san i nDuanair na Nuinseannach i

¹⁶ Fé mar atá in Macbain agus Kennedy 1894: 293–4; tá trí rann déag breise i gcóipeanna eile (Ó Riain 2011: 172, n. 7).

¹⁷ LNÉ G 127, lgh 284–6 (Ní Shéaghdha 1977: 39); CF 23, lgh 259–261 (Ó Fiannachta 1978: 102, 105).

¹⁸ Ní Shéaghdha 1977: 34; Ní Mhughhaile 2010: 257, 270 uimhir 16. Mar le hÓ Gormáin féin agus a shaothar, feic Mac Cathmhaoil (2013) agus Ní Mhughhaile (2009).

¹⁹ TCD 1345 (H.4.3), lgh 183–93 (Abbott agus Gwynn 1921: 169).

²⁰ Egerton 174, fóiliónna 18v–21v (Flower 1926: 15); cf. Ó Mórdha 2004: 79 agus Dillon (2014).

²¹ Morris 11, lgh 101–103; tá cuntas gairid ar an dán in O’Grady 1926: 345–6.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (G 992, fóilió 44r–44v) agus i Leabhar Dhéan Leasa Mhóir i Leabharlann Náisiúnta na hAlban (72.1.37, lgh 75–6).²² Mar sin féin, cuireann cóip Eoghain Uí Mhearáin go mór le traidisiún téacsúil an dáin seo trí chéile a bhfuil ar a laghad ocht gcóip déag ar fad de tagtha anuas chugainn. Leagann an formhór mór acu seo an dán ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh (Gillies 2013: 213, n. 24), file a mhair i gcéad leath an tríú céad déag.

Tá aon lámhscríbhinn amháin sa bhailiúchán, mar atá Morris 20, a bhreac Art Mac Bionaid / Arthur Bennett (1793–1879) sna blianta idir 1825 agus 1852. Saor cloiche ó pharóiste Fhoirceala i ndeisceart Ard Mhacha ab ea an fear léinn seo, agus duine de na scríobhaithe gairmiúla deiridh a bhí ag saothrú i gCúige Uladh sa dara leath den naoú céad déag. Duanaire filíochta atá curtha ar fáil in Morris 20 aige ina bhfuil os cionn leathchéad dán de chuid an ochtú agus an naoú céad déag a bhaineann le Cúige Uladh (dánta le Mac Cumhaigh, Mac Cuarta, Ó Doirín ar a bhfuaid) chomh maith le dhá dhán a cumadh i gCúige Mumhan (lgh [128]–133). Sampla breá is ea é dá mbaineann trí chéile le seachadadh na lámhscríbhinní Gaeilge sa tréimhse dhéanach mar go bhfuil dánta curtha síos anseo ag Mac Bionaid a chum sé féin chomh maith. Dob fhéidir, dá réir, ‘lámhscríbhinn fhile’ a thabhairt ar an bhfoinse seo.

I measc na dtéacsáí Ultacha anseo tá ‘Seachrán Chairn tSiadhail’, *tour de force* réiciúil grinn, a bhfuil dhá véarsa dhéag anseo aige (lgh 13–18) ach go bhfuil suas go dtí tríocha véarsa, geall leis, i gcóipeanna eile den dán. Chuir Seosamh Laoide eagrán i gcló sa mbliain 1904 agus eiseamláir thábhachtach dó siúd ab ea téacs Mhic Bhionaid anseo nuair a bhí sé i mbun cóirithe: ní hamháin go dtugann Laoide tús áite don lámhscríbhinn seo agus foinsí an dáin á bplé aige, ach is ionann tulmhaisiú a leabhair chlóite agus an leathanach sa lámhscríbhinn ar a dtosnaíonn téacs an amhráin féin (de Brún 1988: 76 §339). Dob é Mícheál Ó hÍr a chum, dar le Mac Bionaid,²³ ach i bhfoinsí Ultacha eile (ó lámh Pheadair Uí Ghealacáin agus Aodha Mhic Dhomhnaill / Hugh McDonnell (1802–1867), cuirim i gcás) deirtear gurb é Toirdhealbhadh Rua Ó Domhnaill bunúdar an amhráin.²⁴ Pé ní mar gheall ar an údar, níl aon amhras ann ó fhianaise inmheánach an dáin féin gur le tuaisceart na tíre a bhaineann sé. Tá a chruthú san sa teanga féin, mar shampla, atá ar maos le tréithe canúna an tuaiscirt, agus toisc gur seachránáí go smior an réice atá á aithris, liosta le háireamh logainmneacha atá anseo againn a thugann sinn ar thuras mór millteach timpeall thuaisceart na tíre gurb é Carn tSiail i gCo. Thír Eoghain a phointe tosaigh agus deiridh. Ina theannta san, tá eolas an-luachmhar ann ar na gairmeacha éagsúla beatha a bhí coitianta sa taobh san tíre, a leithéidí seo: an t-úcaire, an tonnadóir, an poiticeoir, an brachadóir, an marcach trúpa, an dochtúir, an sagart, an máistir scoile, an t-iascaire, an tuigheadóir, an garraíodóir, an sréadaí, an scineadóir, an gréasaí, an táilliúr, an fíodóir, an saor cloiche, an báirseoir, an spealadóir, an sclatóir agus an dreasadóir.

Thagraíos thuas do dhá dhán ó Chúige Mumhan a bhreac Mac Bionaid in Morris 20. Aislingí polaitiúla is ea iad seo, ceann acu dar tús ‘Aisling faon do dhearcas féin ar leabaidh is mé go lagbhrioch’ a luann Mac Bionaid le Seán Clárach Mac Domhnaill (1691–1754) agus an dara ceann dar tús ‘Ag taisteal na Blárnan lá ’s me ag machnamh’ le hEoghan Rua Ó Súilleabháin (c.1748–1784). Tar éis dó an dara dán a chur i gcrích,

²² Tá leaganacha digiteacha den dá lámhscríbhinn seo ar fáil ar Meamram Páipéar Ríomhaire (ISOS) ag www.isos.dias.ie.

²³ Sid í a thuairim, leis, sa dara cóip aige in LNÉ G 802, bailiúchán de dhuilleoga scaoilte.

²⁴ Ó Buachalla 1976: 6–7, 79–80; Ó Conghaile, Ó Tuairisg agus Ó Ceannabháin 2012: 541–2, 824.

chuir Mac Bionaid an ciúta searbhasach seo mar eireaball lena chuid oibre: ‘Daly has styled Seaghan Clarach McDonal the prince of Irish poets, without any dread of having his tongue burned through with a hot Iron, or branded in the forehead with the same instrument for retailing falsehood’.²⁵ Is é a bhí i gceist anseo ag Mac Bionaid, dar ndóigh, ná an t-ionad láir, dar leis, a thug ‘Daly’, is é sin Seán Ó Dálaigh / John (O’)Daly (c.1800–1878), do Sheán Clárach, agus, d’fhillí eile na Mumhan trí chéile, ina leabhar *Reliques of Irish Jacobite Poetry* (1844).

Glactar coitianta leis gurbh é Aogán Ó Rathaille (c.1670–1726) a chum ‘Aisling faon [nó ghéar] do dhearcas féin’ agus nárbh é Seán Clárach é, fé mar a mheas Mac Bionaid in Morris 20. Ní foláir, mar sin, nó ba fé anáil *Reliques of Irish Jacobite Poetry* a bhí sé san áiteamh san aige mar is ansan a deirtear gurbh é ‘Seághan Clárach, ró [*sic*] chan’ (Daly 1844: 12). Pé scéal aige sin é, is mó fós an t-olc a bhí ar Mhac Bionaid nuair a tháinig cóip de leabhar Sheáin Uí Dhálaigh ina threo tar éis dó féin filíocht le Peadar Ó Doirnín chomh maith le cuntas beathaisnéise ar an mórfhile seo Chúige Uladh a sholáthar le súil go gcuirfeadh an Muimhneach i gcló é (Ó Buachalla 1965: 124–6, 127, 128, 130–33; Ó Buachalla 1968b: 141–2). Ach anois oiread is aon dán amháin ó aon fhile Ultach ní raibh le fáil anseo! Spreag sé sin Mac Bionaid chun aghaidh a chaoraíochta a thabhairt d’Ó Dálaigh ina dhán searbhasach ‘Filí na Mumhan’:

Is ard an chéim do-bheir Seán Ó Dálaigh
Do ollaimh is do bhaird na tíre thuas [= An Mhumhain i dteideal an dáin],
Shéid sé galltrumpa láidir
Le Mac Domhnaill Clárach is Ó Súilleabháin Rua.

Is caorthann gan mhilseacht fuaim a mbeoil,
Is searbh gach ceol dár chum an dís [= Mac Domhnaill agus Ó Súilleabháin],
Cnapach, corrach, gan sult, gan treoir,
Gan mheadhair, gan bheos, gan bhrí.

Cá bhfuil an mhil a bhí ag tonnadh anuas
Le Doirnín na gcuach is na siolla mín,
Mac Alinduin a thógfadh gruaim
Nó an Dall Mac Cuarta thug clú gach tír?

Tá an luchóg go buan ag ruaigeadh an chait as gach aird,
Tá an giorria ina ualach ar ghuailibh na cona gach lá.
Tiocfaidh Teamhair anuas go bruach na Banna gan spás
Má bheir Dálaigh an bhua an uair seo ó ollaimh Chríoch Fáil (Ó Fiaich agus Ó Caithnia 1979: 54, 102).²⁶

I bhfoirm ‘trí rainn agus amhrán’ a chum Mac Bionaid a dhán thuas, is fíor, agus mhínigh sé a théama go gonta sa cheannteideal Béarla a chuir sé lena théacs: ‘The Munster Poets, praised by John Daly of Kilkenny — The same censured and the Ulster poets preeminence [*sic*] supported by ABennett’ (Morris 20, lch [140]). Tá cóip gan log ná dáta de Morris 20 le Seosamh Laoide ar coimeád inniu sa Leabharlann Náisiúnta (G 428). Cóip dhílis is ea í seo — níor leasaigh ná níor athraigh Laoide aon rud a chóipeáil sé ó lámhscríbhinn an Bhionaidigh ach amháin gur chuir sé comharthaí ceiste

²⁵ Morris 20, lch [134], agus an bhéim ar an bhfrása thuas fé mar atá sí sa lámhscríbhinn; cf. Ó Muirgheasa 1915: 314; Ó Muireadhaigh 1940: 83; Ó Buachalla 1965: 138; Ó Buachalla 1968b: 142–3; Ó Drisceoil 2007: 84.

²⁶ Cf. Ó Muirgheasa 1915: 160; Ó Muireadhaigh 1940: 82–3; Ó Buachalla 1968b: 143; Ó Drisceoil 2007: 84.

thall is abhus ina théacs féin le nithe nár thuig sé. Sa chuid sin, áfach, ar fhilí na Mumhan, ní fhéadfadh Laoide gan spior spear a dhéanamh den seasamh a bhí ag Mac Bionaid — ‘Bhís chomh dall le boin ortha, a Airt!’ (Ní Shéaghdha 1986: 76), dar leis! D’fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa ‘Filí na Mumhan’ i gcéaduaire in *Céad de Cheoltaibh Uladh* (1915) agus mhínigh sé cúis a chumtha mar seo a leanas:

This poem is from a MS. of Art Bennett’s now in my possession [Morris 20], and shows us what a northern scribe thought of the poets of the south. ... These opinions, narrow and provincial as they are, are however somewhat refreshing in an age when Munster has arrogated to itself almost the entire credit for any modern Irish literature that exists. ... Bennett was very devoted to the northern poets, particularly those he mentions in the poem — Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac Alinduin (Mac Giolla Fhionndain ?), and Seumas Mac Cuarta, popularly known as An Dall Mhac Cuarta (Ó Muirgheasa 1915: 313, 314; cf. Ní Úrdail 2018: 245–6).

Ní miste cuimhneamh air, dar ndóigh, go raibh Ó Muirgheasa féin chomh dílis céanna d’fhilí an tuaiscirt is a bhí Mac Bionaid, fé mar is léir ónar chuir sé i gcló i gcaitheamh a shaoil.

Ar na scríobhaithe eile a bhfuil a gcuid saothar pinn tagtha anuas chugainn i mbailiúchán Uí Mhuirgheasa, dob é Aodh Ó Néill thuasluaite ón Iúr, Co. an Dúin, a chuir Morris 4, 9, 12 agus 22 le chéile sna blianta 1785–1807. Ábhar cráifeach, liosta luibheanna (agus an leigheas a ghabhann leo) atá curtha ar fáil anseo aige, chomh maith le cóip de *Foras Feasa ar Éirinn* i bpeannaireacht néata ghleoite. Art Mór Ó Murchaidh, a luadh níos túisce, a ghráf Morris 6 idir 1819 agus 1827 agus a bhronn an lámhscríbhinn ansan ar Nioclás Ó Cearnaigh (c.1802–c.1865), agus saothar na beirte seo atá tagtha anuas chugainn in Morris 5, 1819–1829.

Bhí Ó Cearnaigh, gan dabht, ar dhuine den meitheal scoláirí ó cheantar Dhún Dealgan a raibh baint acu le hArt Mór (Duffy 1987). Ina measc san, leis, bhí Séamus Mac Giolla Choille / James Woods (c.1759–1828), poitigéir a bhí lonnaithe i nDún Dealgan, a bhreac Morris 18 idir 1821 agus 1822. Thagraíos i dtús na haiste seo do Morris Add. 1 a raibh Matthew Moore Graham i mbun a teaglamaithe ó 1832 go dtí 1843. Is é siúd, leis, a chuir Morris 1–2 le chéile i bpáirt le Nioclás Ó Cearnaigh ach níl de dhátaí againn ach a bhfuil luaite in Morris 1 a scríobhadh sna blianta 1828–1834. Saothar aonair Uí Chearnaigh is ea a bhfuil in Morris 3 agus 17. Cóip de *Elements of the Irish Language* le hAodh Buidhe Mac Cruitín (1728) is ábhar do Morris 10 a bhreac James Graham ‘Dundalk’ (leathanach teidil) agus Patrick M. Graham, ‘1805’ (lch 78), agus glacaim leis go raibh gaol ag an mbeirt seo le Matthew Moore Graham féin. B’fhéidir gurb ionann James, mar shampla, agus deartháir Graham a chaith tréimhse sa Spáinn sna 1830idí láir (Duffy 1987: 245, n. 94). Fairis sin, luaigh Patrick Graham i mball amháin go raibh sé ag scríobh ‘for Edward Corralan’ (lch 48) agus ba dhóigh liom gurb é an scríobhaí agus an máistir scoile Éadbhart Ó Cearbhalláin / Edward Carolan, *alias* ‘An Turcach’, a bhí i gceist anseo aige. Chuala Art Mór Ó Murchaidh gur chum an fear céanna seo aoir mar gheall air, ach má chum, chuir sé féin a fhreagra dar tús *A Thurcaigh mhóir nach éadrom ceann* (3 rann) mar chuid de leitir chuige (Duffy 1987: 249–50, 255–6), á áiteamh air nár chóir dó baint óna chlú go háirithe toisc gur ‘[m]ise Murcha de threibh na Saoí / bhí a nEamhain aoibhinn seal i ccéim’!

Cóip de *Mac na Míchomhairle* agus beagán filíochta is ábhar do Morris 19 a bhreac Muiris Mac Gormáin — foirm a shloinne a bhíonn in ócáid anseo is ansiúd aige — ar

‘an 15 la do September an bhliadhain d’aois an tigherna .i. 1734’ (lch [49]). Filíocht chráifeach chomh maith le dánta a chum Séamas Dall Mac Cuarta is ábhar do Morris 13 a chuir Michael (O) Callan(n) i dtoll a chéile sa mbliain 1795 i ‘Monaghan Said County’ (lch 3). Bhreac Tomás Ó Conchubhair / Thomas Connor ó Ghréach na Ruag, baile fearainn i bparóiste Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, Morris 14. Meascán de phrós agus d’fhilíocht, an formhór ó Chúige Uladh, a chuir sé ar fáil anseo ‘do chum [a] usaide féin’ (lch 24). Dála Eoghain Uí Mhearáin thuas, ainmneacha meafaracha leitreacha aonair a d’úsáid sé, mar atá ‘muin duir tri chol 7 ceire bliadhna air fhioc[h]ad’ (lch 15), chun bliain a chuid sin oibre, 1824, a chur in úil. Athair (nó seanathair, b’fhéidir) le Thomas O’Connor (c.1812–c.1881) ab ea an scríobhaí áirithe seo, agus duine de chúntóirí Sheáin Uí Dhonnabháin (1806–1861) ar an tSuirbhéireacht Ordanáis sna blianta 1835–1841 (Ó Muirgheasa 1937: 82–3).

Cóip den dán cráifeach dar teideal ‘Comhrádh an Duine agus an Bháis’ le Seán Mag Congail atá in Morris 23. I nóta ón mbliain 1913 a ghraf Ó Muirgheasa laistigh de chlúdach tosaigh na lámhscríbhinne, tá an méid seo i dtaobh an scríobhaí: ‘Seán MacGonigle a Doctor (?) great grandfather of the present Sean Mac Gonigle, near Tiernasligo, Inishowen, Co Donegal. 1913’. Fianaise luachmhar is ea an fhoinsé seo Mhic Congail ar shaothrú na lámhscríbhinní i gCo. Dhún na nGall sa tréimhse dhéanach a ndúirt Ó Muirgheasa féin i nóta laistigh dá chlúdach mar gheall uirthi: ‘[t]his M.S. is chiefly interesting as being one of the only two Irish M.S.S that survived down to modern times in Co Donegal, both in Inishowen. H. Morris 1913’. Chuaigh dem dhícheall (go dtí seo pé scéal é) an dara lámhscríbhinn anseo a aimsiú.

Ós ag caint ar thraidisiún scrípte Cho. Dhún na nGall é, níorbh fhearr foinse eolais ná an dara cuid de bhailiúchán lámhscríbhinní Uí Mhwirgheasa a cheannaigh An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sa mbliain 1971.²⁷ Sa bhfichiú céad a teaglamaíodh iad seo a bheag nó a mhór agus ní bhaineann siad, dá réir, le frámaí tagartha na n-imeachtaí seo *Léachtaí Cholm Cille*. Más ea féin, tá fianaise thábhachtach i lámhscríbhinní breise Uí Mhwirgheasa ar an taoscadh a bhí fós á dhéanamh as oidhreacht thraidisiún Cho. Dhún na nGall a bhí fós suas sa cheathrú dhéanach den naoú céad déag agus tá eolas ar fáil anseo ar na téacsáí a bhí an-choitianta i measc phobal Gaeilge an chontae féin san am úd.

Tógaimis Morris Add. 6, mar shampla, cóipleabhar scoile ó láimh Edward Durning, múinteoir bunscoile Dhroim na Rátha, baile fearainn soir ó dheas ón gCraoslach, a sheol go dtí Énrí Ó Muirgheasa é in Aibreán na bliana 1930. Cnósach substaintiúil amhrán, scéalta béaloidis agus seanchais a chuir sé ar fáil ann, ar a bhfuaid leagan de ‘An Crúiscín Lán’, ach gurb é ‘Cailín an Bhaile s’Againne’ is teideal anseo dhó. Bhailigh Durning an t-amhrán i nDoire Fada ó Charles Rodden — Ó Rodáin, dar ndóigh, sloinne breá Conallach — a rugadh timpeall na bliana 1865. ‘[A] beautiful speaker of Irish [a thug Durning air] but has very bad English — in fact he does not speak English except when he cannot help it, so that he is one of our real native Irish speakers’ (lch 267). Níor éirigh le Durning an fonn a bhreacadh síos mar gurbh an-dhrochamhránaí Rodden, dar leis — ‘he makes more noise than music, so that I found it impossible to write the music he sang the following song to’ (lch 267)! Níl aon amhras mar sin féin ann ná gur thug Rodden leagan éagsúil ceithre véarsa den amhrán breá seo uaidh dar tús:

²⁷ Feic n. 7 thuas.

Bhí cailín ar an bhaile seo, a d'éirigh cruth a n-iarraidh
bhí mainnte tibinete* aici agus ribín faoi a n-íochtar
bhí trí cearcha bhreacha aici, agus coileach i gcionn a' mbliadhna
da mbeadh sin as an oiread eile, cha bhfaigheadh fear i mbliadhna
agus da líontar damhsa cruiscín agus béidh sí lán (Morris Add. 6, lch 268).²⁸

Agus, chuir Durning an nóta seo a leanas le dara líne an véarsa:

* It is wonderful to hear a man like Charles Rodden pronouncing the words 'mainnte tibinetre' [*sic*] so correctly those words appear to be French. At any rate I never heard them used in Irish except in the context (Morris Add. 6, lch 269).

Clóca nó 'mantua', ní foláir, a bhí i gceist anseo ag Rodden agus an t-amhrán á rá aige, ach maidir le *tibinete* / *tibinetre* ní heol dom cad é a bhrí.

Tá, leis, sa lámhscríbhinn chéanna seo scéal béaloidis a bhíodh an-chomónta ar fuaid na tíre dar teideal 'An Gadaí Dubh' agus bhreac Edward Durning síos an leagan a bhíodh á aithris ina thigh féin agus é ag fás aníos. Ní hé an scéal amháin é, áfach, ach a chuimhní cinn atá spéisiúil, dar liom:

Here I am giving one of the longer stories my mother used to tell when as children we sat around the fireside on a cold winter's night. My mother — she is still alive [Aibreán 1930] — was a fine type of the Irish mother. She had the sole bringing up of the family as my father was a tradesman, and was usually away to his work in the morning before we arose, and was not home again till long after dark, so the sole bring [*sic*] up of the family fell to my mother, and right well she did the same (Morris Add. 6, lch 168).

Ochtar mac agus cúigear iníonacha a bhí mar mhuirear ar an lánúin, agus dheimhnigh an mháthair go gcuirfí oideachas maith ar an uile dhuine acu. Bhí Durning an-mhórálach as gur mhúinteoirí triúr (é fhéin ina measc), gur cheardaithe triúr eile fós agus gur lucht gnó farasbarr na clainne. A thúisce is a thagadh na leanaí abhaile ón scoil, bhíodh an obair bhaile le déanamh láithreach, scrúdaíodh a mháthair an obair ar fad le deimhniú go raibh sí déanta i gceart agus chaitheadh an teaghlach an chuid eile den oíche ansan 'in story-telling, singing etc.'. Seo duine, mar sin, a thuig tathag na hoidhreachta a fuair sé le huacht le linn a óige nuair a bhí traidisiún na scríobhaithe agus na lámhscríbhinní ag imeacht ar lár in Éirinn i gceathrú dhéanach an naoú céad déag. Bhí Edward Durning mórálach as an obair tharrthála san a bhí ar bun aige. Ó Doirnín eile atá anseo againn, gan dabht, nach raibh chomh cáiliúil, b'fhéidir, le fear léinn Oiriaila an ochtú céad déag, Peadar Ó Doirnín, ach fear fós féin ar thábhachtach leis saibhreas liteartha an phobail in Ultaibh a bhailiú agus a bhreacadh síos, fiú má bhí an puth anála deiridh féin tairgthe fén am san ag traidisiún na lámhscríbhinní trí chéile in Éirinn.

²⁸ Tá leagan trí véarsa ag Durning ón bhfaisnéiseoir céanna, ní foláir, i mBailiúchán na Scol ag <https://www.duchas.ie/en/cbes/4493635/4406053> [faighte 3 Meán Fómhair 2020].

AGUISÍN: GEARRLIOSTA SEICEÁLA NA LÁMHSCRÍBHINNÍ A PLÉADH THUAS

(A) ‘MORRIS MSS’ / LÁMHSCRÍBHINNÍ UÍ MHUIRGHEASA

- 1 Morris 1: Ábhar cráifeach; *Fís Mherlino; Bruidhean Eochaidh Bhéil Dheirg*; beagán filíochta (Séamas Dall Mac Cuarta, Art Mór Ó Murchaidh, Séamus Ó Toimhleáin); cuntas ar aibítir agus ar litriú na Gaeilge; liosta giorrúchán lámhscríbhinne. Scríobhaithe: (1) *Matthamh ua Ghráeme / Matthew Graham*, ‘Mearsa fogas do Dhundelgfhionn. Sgriobhta an bhliaghain d’aois ar ttna 1834 ... Merchis near Dundalk, written in the year of our Lord 1834’ (lch [156]); (2) *Nioclas Ó Cearneidh*, ‘an dara la do mhí na Samhna; an bhliaghain daois ar dtigherna 1828’ (lch [90]). Cuntas ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[vii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa. ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhthe ar pháiosa páipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail thosaigh, *recto*).
- 2 Morris 2: *Geanair Pádraig i Nemthur / Natus est Patricius Nemturri*; filíocht Uí Dhoirnín; amhráin as Béarla; filíocht as Béarla (Matthew Moore Graham). Scríobhaithe: (1) *Nioclás Ó Cearnaigh* (ar a lámh); (2) *Matthew Graham* Esq^r, ‘of Greenvale Castle and Park heir and successor to Art Murphy of Grattaeplice Castle + Park Esq^r Licentiate General to the Muses and Chairman at the Court of Parnassus etc. etc. etc.’ (aisiompaithe, lch 39). Níl aon dáta luaite. Cuntas ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[xii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa. ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhthe ar pháiosa páipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail thosaigh, *recto*).
- 3 Morris 3: *An Teagasg Críostaidhe (Ó hEódhasa)*; ábhar cráifeach. Scríobhaí: *Nioclas.Ó.Cearneidh* a chríochnaigh a chóip de shaothar Uí Eodhasa ar ‘an.dara.lá.don.mhi.Iuli.An.bhliaghain.daóis.ar.ddighearn.míle.ocht.gcead.agas.d.o.ar.fithchiod’ (colafan breactha in ogham, lch 79). Cuntas ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[vi]) le *H.M.* ‘29.10.03’. ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhthe ar pháiosa páipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail thosaigh, *recto*).
- 4 Morris 4: Ábhar cráifeach. Scríobhaí: *Aodh ó néill / Hugh O Neill*; gan log ná dáta scríbhthe. Cuntas ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[iii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa. Leathanaigh ar iarraidh ina tosach agus ina deireadh ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhthe ar pháiosa páipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail thosaigh, *recto*).
- 5 Morris 5: Filíocht (Art Mac Cumhaigh, Pádraig Mac a Liondain, Pól Ó Briain); filíocht chráifeach. Scríobhaithe: (1) *Art Mór Ó Murchaidh* (ar a lámh), 1828–

- 1829, do Nioclás Ó Cearnaigh (lgh [22], [70]); (2) *Nioclás O’Ceárnaidh / Nicholas Kearney / Nioclas O’Ceárnaidh / NOK*, ‘bhailethomáis Dhúnnaneachmór’ (lch [103]); (3) gan ainm. Nótaí *passim* ag Ó Cearnaigh. Cuntas ar ábhar na lámhscríbhíne (lgh [i]–[vii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa. ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhíne ar pháiosa páipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail thosaigh, *recto*).
- 6 Morris 6: Liosta nod lámhscríbhíne; *Ogham Craobh* (le haistriúchán Béarla); laoithe fiannaíocha; filíocht (Pól Ó Briain, Seán Ó Conaill, Séamas Dall Mac Cuarta, Art Mór Ó Murchaidh); *Mac na Míchomhairle* (blogh). Scríobhaí: *Art Mór Ó Murchaidh* (ar a láimh), 1819–1827, do Nioclás Ó Cearnaigh — *βιβλος Νικόλα Κεάρνιε* (‘leabhar Niocláis Uí Chearnaigh’), lch [24]. Mórán nótaí léirmhíneithe *passim* ag *N. ua / Ó Cearnaigh / N(ich) Kearney / N^oK / N. Ua. Ceár9*, ‘Dunaneachmor Dhundealghfionna i ngar a Tsraidhbhailei’ (lch [13]), 1827–1828, m.sh.: ‘It was A. Murphy of Grottoe place Esq^r the writer of this book, and bestowed it me as a token of the esteem he has had of me’ (lch [12]); ‘Given under my hand at Grottoplace. Jan. 21. 1827 Art Murphy’ (lch [27]); ‘N Kearney’s book written by Artu^r Murphy commonly call[ed] Murchadh na ndán’ (lch [43]). Nótaí eile breactha ag muintir Chearnaigh. Cuntas ar ábhar na lámhscríbhíne (lgh [i]–[xi]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa. ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhíne ar pháiosa páipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail thosaigh, *recto*).
- 7 Morris 7: *Oidheadh Chloinne Uisnigh* (blogh); *Bruidhean Bheag na hAlmhaine*; *Mac na Míchomhairle* (neamhiomlán); *Eachtra an Mhadra Mhaoil*; *Eachtra Chloinne Ríogh na hIoruaidhe* (neamhiomlán). Scríobhaí: *Pádrúig úa Pronntaigh / Pádrúig ó Pronntaigh / Padraig ó Pronntaigh, mhic Néill etc. / Padruig ó Pronntuidh, mhic Neill etc.*, 1732. Chríochnaigh sé *Oidheadh Chloinne Uisnigh* ‘an treas lá doctober et an bhliadhain daois an tighearna .i. 1732’ (lch 37) agus bhí *Eachtra an Mhadra Mhaoil* ‘iar na chríochnughadh an .19. don mhí January et an bhliadhain daois an tighearna 1732’ (fóilió [48v]). Cuntas ar ábhar na lámhscríbhíne (lgh [i]–[vii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa.
- 8 Morris 8: *Mac na Míchomhairle* (neamhiomlán); *Bruidhean Bheag na hAlmhaine*; *An Ceatharnach Caol Riabhach*; *Amhrán na Bradaíle* (Diarmaid Ruadh Mac Muireadhaigh). Scríobhaí: *Padruig ó Pronntuigh mhic Néill .etc.* a chríochnaigh *Bruidhean Bheag na hAlmhaine* ar ‘Aprill 6th: 1733’ (lch 30). Cuntas ar ábhar na lámhscríbhíne (lgh [i]–[iii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa.
- 9 Morris 9: Leabhar urnaithe. Scríobhaí: *Hugh O Neill*, 1785 (lch [2]). ‘This I believe is my first attempt at translateing [*sic*] And it Cannot of Course be very Correct’ (lch [2]). Cuntas ar ábhar na lámhscríbhíne (lgh [i]–[v]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa. ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhíne ar pháiosa páipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail thosaigh, *recto*).

- 10 Morris 10: *Elements of the Irish Language* (Mac Cruitín). Scríobhath: (i) *James Graham* (lch 24), ‘Dundalk’ (leathanach teidil), gan aon dáta; (ii) *Patrick M. Graham*, ‘written in 1805’ (lch 78), ‘for Edward Corralan’ (lch 48); dáta ‘1811’ (lch 62). Rann filíochta, ‘1869’, le *M. Moore Graham*, ‘only son of the writer’ (lch 78). Nótaí breise eile, ina measc: ‘Edward Jones Copy book’ (lch 71); ‘Edward Jones was very impertinent to write his name in a Book he got a lend of M.M. Graham’ (lch 71); ‘Matthew Graham South Marsh near Dundalk’ (lch 77). Cuntas ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[ii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa. ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhthe ar pháipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail tosaigh, *recto*).
- 11 Morris 11: Ábhar cráifeach; laoithe fiannaíochta; filíocht (Séamas Dall Mac Cuarta, Séathrún Céitinn); ginealaigh; seanmóin. Scríobhaí: *Eóghan úa Meran*, 1729–1737, ‘chum úsaide mhícháel Flémun an bhliaghain Daís an Tíaghearna muin dúir agas dhá chol tríchad agas a s[e]acht [= 1737] et go soirbhaidh Día dhó Amen’ (lch 155). Nóta greamaithe laistigh den gclúdach tosaigh: ‘No. 11 [*dhá line faoi*]. This MS. is no 11 of my collection. It was written by Owen O Marron for the use of Michael Fleming. It has two dates 1729 about one-third from beginning of the volume [p 65 *lámh eile*], and another date 1737. It formerly belonged to Matthew Moore Graham of Blackrock Co Louth’, sínithe ‘H. Morris Dundalk 1902’. Dhá dhuilleog ceangailte laistigh den lámhscríbhinn ar a bhfuil cuntas ar a hábhar i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa chomh maith le leitir (trí leathanach) as Béarla ó ‘T. Ua Griobhtha’, ‘Baile Úr Co Árd Macha 1-11’09’ ag míniú go bhfuarthas í ‘in Mr Macken’s House a former N.T. in Newtown’ agus thug Ó Griobhtha ar iasacht ansan í ‘as long as you like’ d’Ó Muirgheasa.
- 12 Morris 12: *Foras Feasa ar Éirinn*. Scríobhaí: *Aódh O Neill / Aodh O Néill*, 1805–1807, ‘san niubhar sírim ben8 go caoin leaightheóra’ (lch 28); ‘san Iobar Cionn Trágha’ (lch 248). Marbhna a chum James Woods ar Art Mac Cumhaigh dar tús *A thulaigh aird is gnáth na mílte* (lgh 110–12) ar dhá dhuilleog ceangailte isteach sa lámhscríbhinn. Sliocht ag scríobhaí gan ainm i dtreo an deiridh as ‘Feonales Dress and Manners. From M^{rs} [Jane] Wests Letters to a Youn[g] Lady’. Bhreac *jacobus Sylbhanus* [= James Woods] nóta ‘in opido Dundalkii 1816’ á rá gur bhronn deartháir an scríobhaí, Eoghan Ó Néill, an lámhscríbhinn ar an Athair Séamus Mac Domhnaill a bhronn ansan air féin í in 1816 (lch 62). Tá blúire duileoige ar a bhfuil colafan ag *Aodh O Néill* greamaithe ar an leathanach tosaigh ag impí ar ‘gach leitheor’ guí ar a shon agus ‘a Riogh glormhar foigrint oram’, 1807. Achoimre ó láimh Énrí Uí Mhuirgheasa ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[ii]) á rá go bhfuil saothar Chéitinn ‘complete except for a few pages of the preface’ chomh maith le ‘an inset which got bound up with book containing poem of 12 stanzas or 72 lines, being “The Grave-lay of Art Mac Coeey by James Woods”’ agus ‘[t]he piece of English at end of book is merely to fill up space. The Irish scribes were great economisers of space’ (lch [ii]). ‘This Manuscript was obtained from Mrs. Carroll, Blackrock. It belonged to her father, Matthew Moore Graham, Civil Engineer, of Dundalk, who had a large collection of Irish Manuscripts. H. Morris, April, 1903’ (clóscríbhthe ar pháipéir atá greamaithe ar an mbileog cheangail tosaigh, *recto*).

- 13** Morris 13: Seanfhocail (Gaeilge agus Béarla); filíocht chráifeach; filíocht (Séamas Dall Mac Cuarta). Scríobhaí: *Mich^l Callan / Mic(h)ael o Callan(n)*, ‘the [bán] day of Oct^r 1795’ (lch 2), i ‘Monaghan Said County’ (lch 3). Tá beagán (lgh 135–6) breactha ag *Toirdealbach mhac ol Cear*, ‘Written [*sic*] by me Terence Kerr 1794’,²⁹ agus leanann ‘1833’ i ndúch níos troime (lch 136).
- 14** Morris 14: Laoithe fiannaíochta; filíocht (Séamas Dall Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Séathrún Céitinn, Peadar Ó Doirnín, Eoghan Rua Mac an Bhaire, Tomás Ó Bacacháin); *Bruidhean Bheag na hAlmhaine*; *Ogham Craobh*; *Dies Irae* (aistriúchán Gaeilge); liosta nod lámhscríbhinne. Scríobhaí: *tomas ó Concuabhair mac tomais mic eogain uí Choncubhair / tomas aó Consuir / Thomas Connor / tomas ao Conchuibhuir*, ‘a ngréach na ruag 7c an cuigeadh la deug de mhi lunasa, 7 an bhliaghain de aois an tiaghairn muin duir tri chol 7 ceire bliadhna air fhíoc[h]ad [= 1824]’ (lch 15); ‘1824 etc do chum usaide fein’ (lch 24). Gearrchuntas i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa laistigh den gclúdach tosaigh agus an nóta: ‘There is hardly any doubt that this is too “Ths OConnor” who was engaged by ODonovan on the Ordnance Survey in 1835–6 H. Morris 1926’ (bileog cheangail tosaigh, *recto*). D’admhaigh Ó Muirgheasa ina dhiaidh sin (1937: 82–3) gur dhearmad é sin aige agus gur dóichí gurbh é athair an fhir seo, go fiú a sheanathair b’fhéidir, an scríobhaí.
- 15** Morris 15: *Beatha Chríost*; *Beatha Mhuire*; filíocht (Séathrún Céitinn, Pádraig Mac a Liondain, Diarmaid Mac an Bhaire). Scríobhaí: *Pádraig Ó Pronntaigh* (ar a láimh), gan log ná dáta scríbhthe. Blogh lámhscríbhinne, mar atá bailiúchán de dhuilleoga scaoilte, 23 ar fad gan aon uimhriú, atá ar sábháil inniu i bhfillteán i mbosca i dteannta Morris 15a. D’aimsigh an tAthair Proinsias Ó Muirgheasa na duilleoga i gcéaduair i measc pháipéirí a uncail sa mbliain 1974 agus bhronn an tOllamh Breandán Ó Buachalla thar a cheann iad ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar 20 Samhain 1974.
- 16** Morris 15a: Ábhar cráifeach. Scríobhaí: *Padruicc mac Ga[an chuid eile ar iarraidh] mhic Gathan* ‘a Nduinguille [= Dún gCuaille, baile fearainn i bparóiste dlí Fhocharde, Co. Lú], go tti[ar iarraidh] as udar leis an Athar Nicolas mac [ar iarraidh] Caidh, 7 ar na tabhairt uam le f[ar iarraidh] bhliaghan dtaois ar ttighearna [ar iarraidh]’ (lch 207).

[Is ionann Morris 16 agus Morris Add. 1 inniu; feic thíos.]

- 17** Morris 16b:³⁰ Filíocht chráifeach; filíocht (Séamas Dall Mac Cuarta, Art Mac Cumhaigh, Peadar Ó Doirnín); amhráin; *Dies Irae* (aistriúchán Gaeilge); *Mac na Míchomhairle*. Scríobhaí: *Aemon(n) Mh(a)c C(h)ába / Edw^d M^c Cabe* ‘ngraighmhillin A bparistha Mhára Cloona 7 Cuindigh Mhinahinn’ (lch [38]), 1821–1828. Colafan le *Mac na Míchomhairle*: ‘Wrote in the Gaol of Monaghan Nov^r the 17th 1825’ (lch [56]). Cuntas ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[ii]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa.

²⁹ = Mac Giolla C(h)ear(a)? Luann Fintan Keegan liom go raibh scríobhaí eile darbh ainm Toirdhealbhadh ol Cear a bhreac an duilleog dheiridh in ARÉ 23 I 37 sa dara leath den ochtú céad déag, is cosúil, agus dhealródh sé go raibh baint aige seo le Co. Mhuineacháin.

³⁰ = ‘MacCabe’s Manuscripts [*sic*]’ (Ua Muirgheasa 1904–1905: 808); cf. Watson 2000–2001: 257–8.

- 18 Morris 17: ‘Collectanea Grahamea or the Bardic Remains of Louth. Volume First. from the Irish of O’Dornin’ (leathanach teidil). Scríobhaí: *Nioclás Ó Cearnaigh* (ar a láimh), gan log ná dáta scríbhthe. Leitir ó *Arthur Murphy*, ‘Grottaplace Castle Oct^r 14th 1831’, ar an duilleog dheiridh ‘[t]o Matthew Graham Esq^r Merches’, ag gabháil leithscéil as gan buíochas a ghabháil ‘for the Encomiums bestowed by you upon an unworthy Individual as I am’; feic Ó Muirgheasa 1916: 180–1 agus Duffy 1988: 345–6. Leanann *O Matthew Dearie now I’m cantie* (8 rann), ‘as an apology’, agus nóta breise go dtí ‘D’ Matthew’ ina míníonn Murphy go raibh sé ‘in very bad spirits’ agus nach raibh sé, dá réir, i dteagmháil ‘this long time past’. Tá sé cloiste aige gur fhostaigh Graham ‘some petty scribbling Rhymer, at or near your own place. If he is a blathering bawler, quit him at once, cast no pearls to swine. If he is an unlicenced sage, let me have share in the victory’. ‘This M.S. is no. 17 of my own Collection Énrí Ó Muirgheosa 1910’ (bileog cheangail thosaigh, *verso*).
- 19 Morris 18: *Eachtra Mhacaoimh an Iolair; Bruighean Cheise Chorainn*; filíocht (Séamas Dall Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, Art Mac Cumhaigh, Pól Ó Briain, James Woods); ‘Drinking Song’ (Lord Byron). Scríobhaí: *Seamus mhac na Choilleadh / Seadhmus mac Iollacoilleadh / Seamus mhac Iol-choilleadh*, 1821–1822. Ina dhiaidh sin i seilbh ‘Catherine Blackwell Rathbody 1850 Caterine Blacbhell’ (lch [103]). Cuntas ar an scríobhaí agus ar ábhar na lámhscríbhinne (lgh [i]–[iv]) le ‘H. Morris 5. 4. 15 Easter Monday at 7 Clarendon St Derry’. I dtreo dheireadh na lámhscríbhinne: ‘The following two leaves belonged to some other MS written by Woods, of which only this fragment is left H Morris’ (le peann luaidhe). Tá siad seo ceangailte laistigh den lámhscríbhinn inniu ar a bhfuil ‘Feartl-laoi Airt mhic Chudhaidh le Seamus mhac na Coilleadh’ dar tús *A thulaigh áird ar gnáth na mílte* (12 rann).
- 20 Morris 19: *Mac na Michomhairle*. Scríobhaí: *Muiris mac Gorman*, ‘an 15 la do September an bhliadhain d’aois an tighearna .i. 1734’ (lch [49]). Beagán filíochta, mar atá *A bhean a thug na Ruathraigh* (1 rann); *Turas Inghine Uí Chianáin* (1 rann); *Is searbh an chrág tháinic ar tuinn* (7 rann). Cuntas le ‘H. Morris 1918’ ar dhála na lámhscríbhinne (lgh [i]–[ii]). ‘This Irish M.S. along with two others much larger, was got on 10.10.19 from John Breslin near Derrylee P.O. 2^{1/2} miles from Verner’s Bridge on road to Maghry Co Tyrone. The other two dealt with religion and one now in the possession of Rv L. Murray C.C. Urney Co Tyrone. This MS was written by Muiris Mac Gorman in June [sic] 1734 and in the binding used some sheet of the Whitehall Evg. Post of June 1734. A note on last leaf says Bryan Reagh MacMahon of Carrickanure Parish of Clontibret Co Monaghan is the owner of the book in the year 1775 H. Morris’ (nóta ar pháiosa páipéir greamaithe laistigh den gclúdach cúil).
- 21 Morris 20: Filíocht. Scríobhaí: *AB / A Bennett*, gan log scríbhthe, ‘in 1825’, lch [34]; ‘Finis 11th Jan^y 1852’ lch [96]. Formhór na ndánta le filí tuaisceartacha (17ú–19ú haois) go dtí *Aisling faon do dhearcas féin ar leabaidh is mé go lagbhrioch* (luaite anseo le Seán Clárach Mac Domhnaill) agus *Ag taisteal na Blárnan lá ’s me ag machnamh* (Eoghan Rua Ó Súilleabháin). Cuntas ar an ábhar (lgh [i]–[xi]) i bpeannaireacht Énrí Uí Mhuirgheasa agus an nóta ‘This is M.S. 20 of my collection H. Morris’. Cóip gan log ná dáta den lámhscríbhinn seo ar fad is ea LNÉ G 428 a bhreac *S[eosamh] L[aoide]*.

- 22 Morris 21: *Críchad an Chaoille*. Scríobhaí: *Joseph o'Longan / J.o'L.*, 'Whitechurch. A.D. 1858' (leathanach teidil). 'This Tract on the topography of the two Fermoy's was copied from the Book of Lismore, a M.S. of the 15th Century, by Joseph o'Longan of Whitechurch near Cork, to which he has added a translation and notes. This work gives a detailed account of the boundaries of Fermoy, its chieftainries, the chieftains who had command over them, the septs who occupied each townland, their burial-grounds, and parish churches, – and in some instances, the Priests or Coarbs who officiated in these at the time this work was compiled' (leathanach teidil). Spásanna fágtha anseo is ansiúd chun túsleitreacha maisithe a chur isteach agus san áit a bhfuil túsleitreacha maisithe le fáil, nílid daite.
- 23 Morris 22: Liosta luibheanna agus a leigheas. Scríobhaí: *Hugh O'Neill*; gan log ná dáta scríbhthe. 'This Book belongs to one Hugh O'Neill If any Attempt it to steal [1] Or if he Lends it to a friend If he Does not Return it than wit[h] Dismal shall be his End' (lch [1]). 'This book lately belonged to Hugh O'Neill lately deceased' (ó láimh Niocláis Uí Chearnaigh, lch [1]). 'Patt. Callan of Greyacre is the proprietor of this book and obligingly lent the same to me, for which may God reward him Vale igitur, vale Nich Kearney' (lch [3]). 'Énrí ua Muirgheasa Fearnmhuighe is leisean an luibh-leabhrán seo agus thug sé domh-sa ar iasacht é go garrúnac grástamhail. Guidhim a thoradh sin thall dó. Vale, igitur, Vale. Séamus ua Ceallaigh i mBéilfeirsde Clann Aodha Buidhe 20/ix/05' (bileog cheangail thosaigh).
- 24 Morris 23: Ábhar cráifeach; *Comhrádh an Duine agus an Bháis*. Scríobhaí: *Seán MacGonigle*, gan log ná dáta scríbhthe. 'This MS was written by Seán MacGonigle a Doctor (?) great grandfather of the present Sean Mac Gonigle, near Tiernasligo, Inishowen, Co Donegal. 1913' (nóta greamaithe laistigh den gclúdach tosaigh ó láimh Énrí Uí Mhuirgheasa). 'This M.S. is chiefly interesting as being one of the only two Irish M.S.S that survived down to modern times in Co Donegal, both in Inishowen. H. Morris 1913' (nóta laistigh den gclúdach cúil ó láimh Uí Mhuirgheasa).
- 25 Morris 24: *Beatha Mhuire* agus beathaí naomh (Proinsias Assisi, Greallán, Maodhóg Ros Inbhir agus Seoirse); filíocht chráifeach. Scríobhaí: *Micil M^c A Bhard / Micel M^c A Bháird*, 1825, 'air bhruach loch aoibhinn áluinn íasgbhar illánacht glaninnbhireacht Meilghe. A bporaiste Rosinbhir na Nannghal C. Leitrim' (lch [273]). Chríochnaigh *Pádrúic M^c A Bhárd* a chóip de *Beatha Ghrealláin* 'an tochtadh lá do mhí July 1825 ... air bruach Loch Meilghe C Leitrim' (lch 6). *Beatha Mhuire* agus beathaí na naomh eile cóipeáilte ó ARÉ 23 O 41 a chuir Séamas Mag Uidhir le chéile sa Dúbaile, baile fearainn i bparóiste Ros Inbhir, Co. Liatroma, 1720–1721.
- 26 Morris 25: *Beatha agus Feartaibh Naomh Maodhóig*. Scríobhaí: *Henry Morris*, 1920. Cóip de LS XXIII i Leabharlann Phoiblí Bhéal Feirste le Peadar Ó Gealacáin a chóipeáil féin a théacs in 1844 'go firinneach as sean-leabhar Bhriain Mhic Carathair san Chlochán Mhaol a cConntae Lúghaidh', 1844, 'a bpurraiste Mhagh an Ealta a cContae na Midhe chum úsáide agus chaitheamh aimsire chosantóir na Sean-Ghaoigheilge .i. Maighistir Roibeart Mhac Adhamh, duine uasal de

choimhthionnal na Seanghaoidheilge anois a mBéal-Áth-Fearsaide a cCuntae Aontim’ (Ó Buachalla 1962: 17).

[Tá Morris 26 aistrithe go dtí bailiúchán breise Uí Mhuirgheasa agus ‘Morris Add. 8’ ainm na lámhscríbhinne seo chomh maith; feic thíos.]

- 27 Morris 27: *Leabhar Méig Shamhradháin*. Scríobhaí: *Joseph O’Longan*, 1870 (leathanach teidil); formhór na dtúsleitreacha maisithe. ‘A collection of poems and a few prose tracts transcribed from a vellum Ms. written for the Magaurans chieftains of Teallach Eachach, now the barony of Tullyhaw in the north of the County Cavan. It is stated in a note, in red ink, on page 1, that it was written or transcribed for Thomas Mac Samhradhan (or Magauran) by Ruaidhri O’Cianan. And this Thomas Magauran was killed, according to the Annals of the Four Masters, in the year 1342. This old Ms. is now almost illegible’ (leathanach teidil). Is é ‘vellum’ é LNE G 1200 inniu a chuir meitheal scríobhaithe le chéile sa cheathrú haois déag. ‘Assumed to be Morris 27. Usual Morris marks of ownership not present’ (nóta le peann luaidhe laistigh den gclúdach tosaigh).

(B) ‘MORRIS ADDITIONAL MSS’ / LÁMHSCRÍBHINNÍ BREISE UÍ MHUIRGHEASA

- 1 Morris Add. 1: Nótaí Béarla ar innealtóireacht shibhialta; laoithe fiannaíochta; dánta (cuid ó James Hardiman, *Irish Minstrelsy* I (London, 1831)); liosta focal as Gaeilge agus a n-aistriúcháin Bhéarla; liosta nod lámhscríbhinne. Scríobhaí: *Matt^w Graham / M. M. Graham* ‘in 1832’ (lgh 19, 44) agus ‘July 1843’ (lch [39]). Chóipeáil sé *Stócadh*, leagan Gaeilge de *Prophetic Lines* (36 líne) ‘from an old manuscript’ (lch 44). I measc an ábhair as Béarla tá *Epithalamium Extempore* ‘[f]or Matthew Graham Jun^r Merchis near Dundalk per Arthur Murphy Esq^r. Grotto Place Castle & park’ (lch 9), ‘[f]aithfully transcribed from the Original By me Matt^w Graham’ (lch 10). Mar le tagairtí eile don lámhscríbhinn seo, feic H. Morris 1938: 115, 116; Ó Muirgheasa 1939: 183.
- 2 Morris Add. 6: Scéalta béaloidis (Béarla agus Gaeilge) ó Cho. Dhún na nGall; amhráin; seanchas. Scríobhaí: *Edw^d Durning*, 1929–1930. ‘Some notes and Stories of Don. Collected by Edw^d Durning’ (leathanach teidil). Leitir go dtí Énrí Ó Muirgheasa ó Durning, ‘Drumnaraw N.S Creeslough, Letterkenny 17th April 1930’, laistigh den lámhscríbhinn mar a luann sé go mbeadh sí curtha chun siúil níos túisce aige ach gur chuir ‘a very severe fall from my bicycle, one evening in November last’ moill ar an obair agus ‘I got knocked down by a motor van while coming home from school. My right wrist was badly sprained so that I could not write for over a month’.
- 3 Morris Add. 8: Filíocht (Séamas Dall Mac Cuarta, Peadar Ó Doirín). Scríobhaí: *S.S. O Faircheallaigh*, 1909 (leathanach teidil). An t-ábhar cóipeáilte amach as ARÉ 3 B 38, 3 B 39, 3 C 4 agus 12 E 24 (leathanach teidil agus clár an ábhair, araon clóscríbhthe). ‘The copying was done for me by Seaghan O Fearchallaigh, a professional Irish scribe, during the summer of 1909. Enri O Muirgheasa, Sligeach. 1930’ (leathanach teidil); ‘Morris ms. 26 (also known as Morris Add. ms. 8)’ (le peann luaidhe ar bharr an leathanaigh theidil). Nóta ar bhileog greamaithe laistigh den gclúdach tosaigh: ‘3. Áit Mountjoy. Atha Cliath. 22.10.09 (Mountjoy Place.)

Dear H. I am sending you 1st Copy golán. 510 línte ann = 5/ 2^d. 7 na déun moill gha cur chugam-sa, mas é do thoil é Leatsa mise S.S. O Faircheallaigh'; ainm iomlán a phátrúin, 'Heinri Ó Muirgheasa' i mbun na bileoige.

Giorrúcháin

- ARÉ: Lámhscríbhinní in Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath.
 Camb. Add.: Lámhscríbhinní i Leabharlann na hOllscoile, Cambridge.
 CF: Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, atá ar coimeád anois i Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad.
 de hÍde: Lámhscríbhinní Dhubhghlais de hÍde, Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
 Egerton: Lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann na Breataine, Londain.
 Ir. f. 1: Lámhscríbhinn Ghaeilge i Leabharlann Bodley, Ollscoil Oxford.
 LNÉ G: Lámhscríbhinní Gaeilge sa Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
 M F: Lámhscríbhinní an Athar Lorcán Ó Muirí a bhíodh ar iasacht ag Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad, ach atá ar coimeád anois i Leabharlann agus Cartlann Chuimhneacháin Uí Fhiaich, Co. Ard Mhacha.
 Morris: Lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa i Leabharlann James Joyce, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
 Morris Add.: Lámhscríbhinní Breise Uí Mhuirgheasa i Leabharlann James Joyce, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
 TCD: Lámhscríbhinní i Leabharlann Choláiste na Tríonóide.

FOINSÍ

- Gan ainm (1908) 'Irish organiser's wife dead' in *The Derry People and Donegal News*, 29 Lúnasa 1908: 1.
 — (1945a) 'Obituary Mr. Henry Morris' in *The Irish Independent*, 14 Lúnasa 1945: 3.
 — (1945b) 'Obituary Mr. Henry Morris' in *The Irish Press*, 14 Lúnasa 1945: 3.
 — (1945c) 'Death of former Sligo divisional inspector' in *The Sligo Champion*, 18 Lúnasa 1945: 6.
 — (1945d) 'Henry Morris. By a personal friend' in *Journal of the County Louth Archaeological Society* 11/1: 13–14.
 Abbott, T. K. agus Gwynn, E. J. (1921) *Catalogue of the Irish manuscripts in the library of Trinity College, Dublin*. Baile Átha Cliath: Hodges, Figgis, & Co.
 Bailiúchán na Scol. Tionscadal digitithe Chnuasach Bhéaloideas Éireann UCD. Ar fáil ag: <https://www.duchas.ie>.
 Daly, J. (1844) *Reliques of Irish Jacobite poetry; with biographical sketches of the authors, interlineal literal translations, and historical illustrative notes, by John Daly; together with metrical versions by Edward Walsh*. Baile Átha Cliath: Samuel J. Machen.
 de Brún, P. (1969) 'Some Irish MSS with Breifne associations' in *Breifne* 3/12: 552–61.
 — (1988) *Lámhscríbhinní Gaeilge: treoirliosta*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
 — (2009) *Scriptural instruction in the vernacular: the Irish Society and its teachers 1818–1827*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

- de Brún, P., Ó Buachalla, B. agus Ó Concheanainn, T. (eag.) (1986) *Nua-dhuanaire: cuid 1*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Dillon, C. (2014) ‘Chan ceist duit a bhás go bráth: “An Lon Dubh Báite”’ in Ní Úrdail, M. agus Mac Giolla Léith, C. *Mo ghnósa leas an dáin*. An Sagart: An Daingean: 131–49.
- Duffy, S. (1987) ‘Art Murphy and Gaelic literary activity in the Dundalk area in the 1820s’ in *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 21/3: 231–56.
- (1988) ‘Antiquarianism and Gaelic revival in County Louth in the pre-famine era’ in *Journal of the Archaeological and Historical Society* 21/4: 342–68.
- ‘Fiachra Éilgeach’ [Risteárd Ó Foghludha] (1913) ‘Keating and his servant Symon’ in *Journal of the Waterford and South-East of Ireland Archaeological Society* 16: 197–8.
- Flower, R. (1926) *Catalogue of Irish manuscripts in the British Museum II*. Londain: British Museum.
- Gillies, W. (2013) ‘The Book of the Dean of Lismore: the literary perspective’ in Williams, J. H. agus McClure, J. D. *Fresche fontanis: studies in the culture of Medieval and Early Modern Scotland*. Newcastle upon Tyne: Cambridge Scholars Publishing: 179–216.
- Hughes, A. J. (1990) ‘The seventeenth-century Ulster / Scottish contention of the Red Hand: background and significance’ in Thomson, D. S. *Gaelic and Scots in harmony: proceedings of the second international conference on the languages of Scotland (University of Glasgow 1988)*. Glaschú: Roinn na Ceiltise, Ollscoil Ghlaschú: 78–94.
- Hyde, D. (eag.) (1899) *Giolla an Fhiugha or, the Lad of the Ferule. Eachtra Cloinne Rígh na h-Ioruaidhe or, Adventures of the Children of the King of Norway*. Irish Texts Society I. Londain: Irish Texts Society.
- Laoide, S. (1896) ‘Irish in Monaghan county’ in *Irisleabhar na Gaedhilge* 6/10: [145]–52.
- (1901) *Sgéalaidhe Fearnmhuighe*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- (1904) *Seachrán Chairn tSiadhail: amhráin ilcheardaidheachta agus seanchas síor-chuartaidheachta*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Macbain, A. agus Kennedy, J. (1894) (eag.) *Reliquiae Celticae: texts, papers, and studies in Gaelic literature and philology left by the late Rev. Alexander Cameron, LL.D II*. Inverness: The Northern Counties Newspaper and Printing and Publishing Company, Limited.
- Mac Cathmhaoil, N. (2013) *Muiris Ó Gormáin: beatha agus saothar fileata*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.
- Mac Giolla Léith, C. (eag.) (1993) *Oidheadh Chloinne hUisneach. The violent death of the children of Uisneach*, Irish Texts Society LVI. Londain: Irish Texts Society.
- Mac Labhraí, S. (2013) ‘Pádraig Ó Pronntaigh: scríobhaí agus file’ in *Seanchas Ard Mhacha* 24/2: 251–90.
- McManus, D. (1991) *A guide to Ogam*. Maigh Nuad: An Sagart.
- Meamram Páipéar Ríomhaire (ISOS). Tionscnamh de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag: www.isos.dias.ie.
- Morris, H. (1896) ‘A branch of the League formed in Farney’ in *Irisleabhar na Gaedhilge* 6/10: 152.
- (1913) ‘Welcome to the Primate Brian MacMahon, Archbishop of Armagh, 1738’ in *Journal of the County Louth Archaeological Society* 3/2: 189–92.

- (1938) ‘Matthew Moore Graham’ in *Journal of the County Louth Archaeological Society* 9/2: 115–23.
- Morris, S. (1975) ‘The family background of Henry Morris’ in *Clogher Record* 8/3: 259–67.
- Ní Mhunchaile, L. (2009) ‘Muiris Ó Gormáin (+1793): scoláire idir dhá chultúr’ in Mícheál Mac Craith, M. agus Ó Héalaí, P. *Diasa díograise. Aistí in ómós do Mháirtín Ó Briain*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnachta: 215–35.
- (2010) ‘An eighteenth-century Gaelic scribe’s private library: Muiris Ó Gormáin’s books’ in *Proceedings of the Royal Irish Academy* 110C: 239–76.
- Ní Shéaghda, N. (1977) *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland* IV. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- (1986) *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland* IX. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ní Uallacháin, P. (2003) *A hidden Ulster: people, songs and traditions of Oriel*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Ní Úrdail, M. (2018) ‘Pádraig Mac a Liondain: bard a bhí i stát ins an chrích seo’ in Mac Cathmhaoil, N., Nic Cathmhaoil, M. agus Mac Seáin, C. *Súgán an dúchais: aistí ar ghnéithe de thraidisiún liteartha Chúige Uladh i gcuimhne ar Dhiarmaid Ó Doibhlin*. Doire: Guildhall Press: 239–60.
- Ó Buachalla, B. (1962) *Clár na lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann Phoiblí Bhéal Feirste*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- (1965) ‘Peadar Ó Doirnín agus lucht scríte a bheatha’ in *Studia Hibernica* 5: 123–54.
- (1968a) ‘Úr-chnoc Chéin Mhic Cáinte’ in *Studia Hibernica* 8: 138–50.
- (1968b) *I mBéal Feirste cois cuain*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- (1976) *Nua-dhuanaire: cuid II*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ó Conghaile, M., Ó Tuairisg, L. agus Ó Ceannabháin, P. (2012) *Leabhar mór na n-amhrán*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Cuív, B. (1958–1961) ‘An eighteenth-century account of Keating and his *Foras Fearsa ar Éirinn*’ in *Éigse* 9: 263–9.
- (2001) *Catalogue of Irish language manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College libraries* I. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ó Drisceoil, P. (2007) *Seán Ó Dálaigh: éigse agus iomarbhá*. Corcaigh: Cork University Press.
- Ó Fiaich, T. agus Ó Caithnia, L. (eag.) (1979) *Art Mac Bionaid: dánta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Fiannachta, P. (1978) *Clár lámhscríbhinní Gaeilge. Leabharlanna na cléire agus mionchnuasaigh* I. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- O’Grady, S. H. (1926) *Catalogue of Irish manuscripts in the British Museum* I. Londain: British Museum.
- Oifig an Ard-Chláraitheora (2016) ‘Taifid Shibhialta’. Ar fáil ag: <https://civilrecords.irishgenealogy.ie>.
- Ó Mórdha, S. (1975) ‘Saothar Énrí Uí Mhuirgheasa’ in *Clogher Record Album: a Diocesan Record* 3: 227–53, 340.
- (2004) ‘Manuscript and scribal traditions in Meath’ in *Ríocht na Midhe* 15: 66–82.
- Ó Muireadhaigh, L. (1940) ‘O’Kearney, O’Daly, and Bennett’ in *Éigse* 2: 79–83.
- Ó Muirgheasa, É. (1904–1905) ‘Catalogue and contents of Irish mss. in my possession’ in *Irisleabhar na Gaedhilge* 14: 754–5, 765–8.

- (eag.) (1915) *Céad de cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath: M. H. Mac Giolla agus a Mhac.
- (eag.) (1916) *Abhráin Airt Mhic Cumhaigh agus abhráin eile*. Dún Dealgan: Preas Dundalgan
- (eag.) (1936) *Dánta diadha Uladh*. Baile Átha Cliath: Muinntir Chathail.
- (1937) ‘Thomas O’Connor of the Ordnance Survey’ in *The Irish Booklover* 25/4–6: 81–4.
- (1939) ‘Mata Mórdha Ua Graeme’ in *Éigse* 1: 183–4.
- Ó Riain, G. (2008) ‘Ceithre dhán le Maol Eachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn: eagrán criticiúil’. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- (2011) ‘Varia III: quatrains relating to the controversy of the Red Hand’ in *Ériu* 61: 171–8.
- Ó Súilleabháin, P. (eag.) (1957) *Beatha San Froinsias*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- O’Sullivan, D. (eag.) (1932) ‘The Bunting Collection of Irish folk music and songs’ in *Journal of the Irish Folk Song Society* 26: 1–100.
- [Pearse, P.] (1906) ‘Folklore and the Zeitgeist’ in *An Claidheamh Solais*, 19 Bealtaine 1906: 6–7.
- ‘Roddy the Rover’ [Aodh de Blácam] (1945a) ‘Enrí Ó Muirgheasa: R.I.P.’ in *The Irish Press*, 17 Lúnasa 1945: 2.
- (1945b) ‘Taught’ in *The Irish Press*, 18 Lúnasa 1945: 2.
- R[yan], J. (1946) ‘Mr. Henry Morris (January 14th, 1874–August 13th, 1945)’ in *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 76/2: 114–15.
- Simms, K. (1983) ‘Propaganda use of the *Táin* in the later Middle Ages’ in *Celtica* 15: 142–9.
- Ua Muirgheasa, É. (1904–1905) ‘Catalogue and contents of some other northern mss’ in *Irisleabhar na Gaedhilge* 14: 808–9, 835–7.
- Watson, S. (eag.) (1979) *Mac na Míchomhairle*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- (2000–2001) ‘An scríobhaí mar sheifteoir: cás LS Uí Mhuirgheasa 16b’ in *Studia Hibernica* 31: 257–75.